Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Iúil 2024
(OR. en)

10507/24

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0124(COD)**

CODEC 1380
MI 556
ENT 103
ENV 568
CHIMIE 37
IND 289
CONSOM 201
SAN 308
PE 139

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le glantaigh agus dromchlaghníomhaithe, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 648/2004<br>– An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg, an 26 go dtí an 29 Feabhra 2024) |

## I. RÉAMHRÁ

Thíolaic an rapóirtéir, Manuela RIPA (Na Glasaigh/SCE, DE), tuarascáil ar an togra thuasluaite le haghaidh Rialacháin, thar ceann an Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (ENVI), ina raibh 150 leasú (leasuithe 1 go 150) ar an togra. Níor cuireadh aon leasú eile síos.

## II. VÓTÁIL

Nuair a vótáil seisiún iomlánach Pharlaimint na hEorpa an 27 Feabhra 2024, ghlac sé leasuithe 1 go 150 ar an togra le haghaidh Rialacháin.

Is é atá sa togra ón gCoimisiún arna leasú amhlaidh an seasamh ón bParlaimint ar an gcéad léamh, atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo é.

**IARSCRÍBHINN**
**(27.2.2024)**

## P9_TA(2024)0091

## Glantaigh agus dromchlaghníomhaithe

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 27 Feabhra 2024 ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le glantaigh agus dromchlaghníomhaithe, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimhir 648/2004 (COM(2023)0217 – C9-0154/2023 – 2023/0124(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0217),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9- 0154/2023),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 12 Iúil 2023[1],

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (A9-0039/2024),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**Leasú 1**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9 a (nua)**

[1] *IO C 349, 29.9.2023, lch. 121.*

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(9a) Tá substaintí ann a úsáidtear i nglantaigh, seachas dromchlaghníomhaithe, a d'fhéadfadh fanacht i bhfuíolluisce tar éis a n-úsáide agus, mura mbaineann oibreoirí fuíolluisce iad i bpróisis chostasacha, maireann siad agus tagann fás orthu sa chomhshaol. Chun an nuálaíocht a éascú agus aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann don tsláinte agus don chomhshaol, is gá sprioc mheántéarma a leagan síos lena n-áiritheofar go mbeidh glantaigh, ina n-iomláine, in-bhith-dhíghrádaithe ó nádúr. Chun am a thabhairt do mhonaróirí foirmlithe táirgí a oiriúnú, ba cheart idirthréimhsí leordhóthanacha a sholáthar agus ba cheart critéir tástála ábhartha a bhunú i bhfad roimh ré.*** |

**Leasú 2**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (10) Is ***príomh-chomhábhar*** é fosfar a úsáidtear i nglantaigh. ***D'fhéadfadh*** fosfar agus a chuid comhdhúl dochar ***a dhéanamh*** d'éiceachórais agus don chomhshaol uisceach***, áfach,*** toisc go gcuireann siad le heotrófú. Chun ardleibhéal cosanta don chomhshaol a áirithiú ***a thuilleadh***, agus chun an méid a ***chuireann*** glantaigh leis an bhfeiniméan sin ***a laghdú***, is gá teorainneacha comhchuibhithe a ***bhunú*** maidir le cion na bhfosfáití agus cion na gcomhdhúl ***eile*** fosfair i nglantaigh ***níocháin*** tomhaltóra agus ***i nglantaigh miasniteoirí uathoibríocha tomhaltóra. Ní cheanglaítear teorainneacha comhchosúla le haghaidh cineálacha eile glantach toisc nach mór an méid a chuireann siad leis an bhfeiniméan nó toisc nach bhfuil roghanna malartacha oiriúnacha ar fáil faoi láthair.*** | (10) Is ***comhábhar*** é fosfar a úsáidtear i nglantaigh. ***Mar sin féin, déanann*** fosfar agus a chuid comhdhúl dochar ***suntasach*** d'éiceachórais agus don chomhshaol uisceach toisc go gcuireann siad le heotrófú. Chun ardleibhéal cosanta don chomhshaol a áirithiú ***tuilleadh***, agus chun ***laghdú a dhéanamh ar*** an méid a ***rannchuidíonn*** glantaigh leis an bhfeiniméan sin, is gá teorainneacha comhchuibhithe a ***leagan síos*** maidir le cion na bhfosfáití agus cion na gcomhdhúl fosfair i nglantaigh tomhaltóra agus ***thionsclaíocha ar leith.*** |

**Leasú 3**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12a) I gcomhréir le Treoir 2010/63/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a], is gá tástáil ar ainmhithe a ionadú, a laghdú nó a bheachtú, d'fhonn deireadh a chur le húsáid ainmhithe lena dtastáil, a luaithe is féidir. Dá bhrí sin, ba cheart toirmeasc ginearálta a chur ar ghlantaigh agus ar dhromchlaghníomhaithe a bhí faoi réir tástáil ar ainmhithe a chur ar an margadh chun ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh agus ba cheart, ag an am céanna, cosaint shláinte an duine a áirithiú agus úsáid sonraí stairiúla a cheadú. Ba cheart don Choimisiún modhanna tástála malartacha ábhartha agus maoluithe ábhartha a bhailíochtú i gcás inarb iomchuí agus comhroinnt faisnéise idir na geallsealbhóirí ábhartha uile a spreagadh chun tacú le forbairt modhanna tástála neamhainmhithe agus dlí an Aontais is infheidhme maidir le cosaint faisnéise gnó neamhnochta agus maidir le rochtain phoiblí ar fhaisnéis ar an gcomhshaol á chur i gcuntas.*** |
| | ________________ |
| | ***[1a] Treoir 2010/63/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2010 maidir le cosaint ainmhithe a úsáidtear chun críoch eolaíoch (IO L 276, 20.10.2010, lch. 33).*** |

Leasú 4

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12b) Níor cheart an úsáid a bhaintear as an maíomh 'saor ó thástáil ar ainmhithe' nó as maímh chomhchosúla a cheadú ach amháin má áirithítear nach ndearnadh aon tástáil ar ainmhithe le linn na tástála monaraíochta agus comhréireachta. Ar an gcaoi chéanna, níor cheart a cheadú do mhonaróirí táirge a mhaíomh go bhfuil táirge'veigeáin' nó ar aon dul leis sin, ach amháin mura n-úsáidtear aon chomhábhair a dhíorthaítear ó ainmhithe, amhail geilitín, calaistirin nó collaigin, nó seachtháirgí ainmhithe, amhail mil nó céir bheach, i monarú nó i bhforbairt an táirge.*** |

**Leasú 5**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) Ba cheart do gach oibreoir eacnamaíoch a mbíonn baint acu leis an slabhra soláthair agus dáilte bearta iomchuí a ghlacadh chun a áirithiú nach gcuirfidh siad ar fáil ar mhargadh an Aontais ach glantaigh agus dromchlaghníomhaithe atá i gcomhréir leis an Rialachán seo. Is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le dáileadh soiléir comhréireach oibleagáidí a bheidh ag teacht le ról gach oibreora eacnamaíoch sa slabhra soláthair agus dáilte. | (14) Ba cheart do gach oibreoir eacnamaíoch a mbíonn baint acu leis an slabhra soláthair agus dáilte bearta iomchuí ***agus éifeachtacha*** a ghlacadh chun a áirithiú nach gcuirfidh siad ar fáil ar mhargadh an Aontais ach glantaigh agus dromchlaghníomhaithe atá i gcomhréir leis an Rialachán seo. Is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le dáileadh soiléir comhréireach oibleagáidí a bheidh ag teacht le ról gach oibreora eacnamaíoch sa slabhra soláthair agus dáilte. |

Leasú 6

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(15a) Ba cheart do mhonaróirí an doiciméadacht theicniúil, an pas táirge agus, i gcás inarb infheidhme, an lipéad digiteach a choinneáil ar feadh tréimhse 10 mbliana tar éis an dáta a rinneadh an ítim dheireanach baisce nó múnla de ghlantach nó an gníomhaí dromchlach a chumhdaítear leis an doiciméadacht, leis an bpas táirge nó leis an lipéad digiteach sin a chur ar an margadh.*** |

**Leasú 7**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) Chun go n-éascófar comhlíontacht a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo ag monaróirí, ba cheart a cheadú do mhonaróirí atá bunaithe san Aontas ionadaí údaraithe a cheapadh chun cúraimí sonracha a dhéanamh ar a son. Thairis sin, chun a áirithiú go ndáilfear freagrachtaí go soiléir agus go comhréireach idir an monaróir agus an t-ionadaí údaraithe is gá an liosta de chúraimí a leagan amach ar cheart a cheadú do mhonaróirí ina leith dul ar iontaoibh an ionadaithe údaraithe maidir leo. Thairis sin, chun in-fhorfheidhmitheacht agus éifeachtúlacht na gceanglas i ndáil le faireachas margaidh a áirithiú agus chun a áirithiú nach gcuirfear ar mhargadh an Aontais ach glantaigh agus dromchlaghníomhaithe atá comhlíontach, ba cheart ceapadh ionadaithe údaraithe a bheith sainordaitheach nuair a bhíonn monaróir bunaithe lasmuigh den Aontas. | (17) Chun go n-éascófar comhlíontacht a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo ag monaróirí, ba cheart a cheadú do mhonaróirí atá bunaithe san Aontas ionadaí údaraithe a cheapadh chun cúraimí sonracha a dhéanamh ar a son. ***Níor cheart ceapachán den sórt sin a bheith bailí ach amháin nuair a ghlacann an t-ionadaí údaraithe leis i scríbhinn.*** Thairis sin, chun a áirithiú go ndáilfear freagrachtaí go soiléir agus go comhréireach idir an monaróir agus an t-ionadaí údaraithe is gá an liosta de chúraimí a leagan amach ar cheart a cheadú do mhonaróirí ina leith dul ar iontaoibh an ionadaithe údaraithe maidir leo. Thairis sin, chun in-fhorfheidhmitheacht agus éifeachtúlacht na gceanglas i ndáil le faireachas margaidh a áirithiú agus chun a áirithiú nach gcuirfear ar mhargadh an Aontais ach glantaigh agus dromchlaghníomhaithe atá comhlíontach, ba cheart ceapadh ionadaithe údaraithe a bheith sainordaitheach nuair a bhíonn monaróir bunaithe lasmuigh den Aontas. |

**Leasú 8**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) D'fhonn cumarsáid idir na hoibreoirí eacnamaíocha, na húdaráis um fhaireachas margaidh agus na tomhaltóirí a éascú, ba cheart do na hoibreoirí eacnamaíocha, mar chuid dá mionsonraí teagmhála, ***suíomh gréasáin a chur in iúl in éineacht*** leis ***an seoladh*** poist. | (18) D'fhonn cumarsáid idir na hoibreoirí eacnamaíocha, na húdaráis um fhaireachas margaidh agus na tomhaltóirí a éascú, ba cheart do na hoibreoirí eacnamaíocha, mar chuid dá mionsonraí teagmhála, ***uimhir theileafóin a léiriú chomh maith*** leis ***na seoltaí*** poist ***agus ríomhphoist***. |

**Leasú 9**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) Chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a choimirciú, agus a áirithiú go mbainfear amach an cuspóir ardleibhéal cosanta a sholáthar i ndáil leis an tsláinte agus leis an gcomhshaol, is gá a shuí go gcomhlíonfaidh glantaigh agus dromchlaghníomhaithe ó thríú tíortha a thugtar isteach i margadh an Aontais an Rialachán seo freisin. Is gá, go háirithe, a áirithiú gur chuir monaróirí nósanna imeachta iomchuí um measúnú comhréireachta i gcrích maidir leis na táirgí sin. Is gá freisin rialacha a leagan síos d'allmhaireoirí chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh na glantaigh agus na dromchlaghníomhaithe a chuireann siad ar an margadh na ceanglais sin agus go mbeidh an doiciméadacht arna tarraingt suas ag monaróirí ***agus, i gcás inarbh ábhartha, an mharcáil chomhréireachta*** ar fáil chun críche cigireachta a dhéanfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta. Ba cheart foráil a dhéanamh freisin maidir le hallmhaireoirí chun a áirithiú go bhfuil pas táirge ar fáil le haghaidh na dtáirgí sin. | (19) Chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a choimirciú, agus a áirithiú go mbainfear amach an cuspóir ardleibhéal cosanta a sholáthar i ndáil leis an tsláinte agus leis an gcomhshaol, is gá a shuí go gcomhlíonfaidh glantaigh agus dromchlaghníomhaithe ó thríú tíortha a thugtar isteach i margadh an Aontais an Rialachán seo freisin. Is gá, go háirithe, a áirithiú gur chuir monaróirí nósanna imeachta iomchuí um measúnú comhréireachta i gcrích maidir leis na táirgí sin. Is gá freisin rialacha a leagan síos d'allmhaireoirí chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh na glantaigh agus na dromchlaghníomhaithe a chuireann siad ar an margadh na ceanglais sin agus go mbeidh an doiciméadacht arna tarraingt suas ag monaróirí ar fáil chun críche cigireachta a dhéanfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta. Ba cheart foráil a dhéanamh freisin maidir le hallmhaireoirí chun a áirithiú go bhfuil pas táirge ar fáil le haghaidh na dtáirgí sin. |

**Leasú 10**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) Os rud é go mbíonn ról tábhachtach ag allmhaireoirí i ráthaíocht chomhlíontacht na nglantach agus na ndromchlaghníomhaithe isteach i margadh an Aontais, agus glantach nó dromchlaghníomhaí á chur ar an margadh acu, ba cheart d'allmhaireoirí a n-ainm, a dtrádainm cláraithe nó a dtrádmharc cláraithe ***chomh maith*** lena seoladh poist agus***, i gcás ina bhfuil sé ar fáil, modh leictreonach cumarsáide*** trínar féidir ***teagmháil a dhéanamh*** leo a ***chur in iúl***. | (20) Os rud é go mbíonn ról tábhachtach ag allmhaireoirí i ráthaíocht chomhlíontacht na nglantach agus na ndromchlaghníomhaithe isteach i margadh an Aontais, agus glantach nó dromchlaghníomhaí á chur ar an margadh acu, ba cheart d'allmhaireoirí a n-ainm, a dtrádainm cláraithe nó a dtrádmharc cláraithe lena seoladh poist agus ***ríomhphoist agus a n-uimhir theileafóin*** trínar féidir ***dul i dteagmháil*** leo a ***léiriú ar an táirge***. |

**Leasú 11**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(24) Is í marcáil chomhréireachta, lena léirítear comhréireacht glantaigh leis an Rialachán seo, an iarmhairt infheicthe ar phróiseas iomlán a chuimsíonn measúnú comhréireachta sa chiall is leithne. Le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leagtar síos prionsabail ghinearálta na marcála comhréireachta. Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán sin maidir le glantaigh a chumhdaítear leis an Rialachán seo chun a áirithiú go gcomhlíonann táirgí a bhaineann tairbhe as an tsaorghluaiseacht earraí laistigh den Aontas ceanglais lena soláthraítear ardleibhéal cosanta i ndáil le leasanna an phobail, amhail an tsláinte agus an comhshaol. I gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008, ba cheart gurb í an mharcáil chomhréireachta an t-aon mharc comhréireachta lena léireofaí go bhfuil an glantach i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais um chomhchuibhiú.*** | ***scriosta*** |
| ***[36] Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú*** | |

***agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8.2008, lch. 30).***

**Leasú 12**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) Chun ardleibhéal cosanta a áirithiú ***i ndáil le sláinte an duine***, ba cheart a cheangal ar mhonaróirí bileog sonraí comhábhar a sholáthar maidir le glantaigh neamhghuaiseacha. Chun éifeachtúlacht na gceanglas ábhartha a bharrfheabhsú agus i bhfianaise an chórais a bhaineann le freagairt sláinte éigeandála a bunaíodh cheana féin faoi Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, ba cheart do na monaróirí an fhaisnéis sin a choinneáil le cur ar fáil d'ionaid nimhe***, nuair a iarrtar í***. | (25) Chun ardleibhéal cosanta ***sláinte*** a áirithiú, ba cheart a cheangal ar mhonaróirí bileog sonraí comhábhar a sholáthar maidir le glantaigh neamhghuaiseacha. Chun éifeachtúlacht na gceanglas ábhartha a bharrfheabhsú agus i bhfianaise an chórais a bhaineann le freagairt sláinte éigeandála a bunaíodh cheana féin faoi Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, ba cheart do na monaróirí an fhaisnéis sin a choinneáil le cur ar fáil d'ionaid nimhe. |

**Leasú 13**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (26) Cuirtear faisnéis thábhachtach úsáide agus sábháilteachta in iúl d'úsáideoirí ar lipéid, amhail gur ann d'íogróirí craicinn nó riospráide (e.g. cumhráin ailléirgineacha, leasaithigh nó einsímí) i nglantaigh agus i ndromchlaghníomhaithe. Trí fhaisnéis a sholáthar maidir le hábhar na substaintí sin ar lipéid glantach agus dromchlaghníomhaithe, is féidir le húsáideoirí a bhfuil ailléirgí ag dul dóibh nó atá tugtha d'ailléirgí roghanna eolasacha a dhéanamh, agus mar sin laghdaítear an frithghníomh a d'fhéadfadh a bheith bainteach le húsáid glantach agus dromchlaghníomhaithe. Is gá dá bhrí sin ceanglais lipéadaithe a bhunú maidir le | (26) Cuirtear faisnéis thábhachtach úsáide***, sláinte*** agus sábháilteachta in iúl d'úsáideoirí ar lipéid, amhail gur ann d'íogróirí craicinn nó riospráide (e.g. cumhráin ailléirgineacha, leasaithigh nó einsímí) i nglantaigh agus i ndromchlaghníomhaithe. Trí fhaisnéis a sholáthar maidir le hábhar na substaintí sin ar lipéid glantach agus dromchlaghníomhaithe, is féidir le húsáideoirí a bhfuil ailléirgí ag dul dóibh nó atá tugtha d'ailléirgí roghanna eolasacha a dhéanamh, agus mar sin laghdaítear an frithghníomh a d'fhéadfadh a bheith bainteach le húsáid glantach agus dromchlaghníomhaithe. Is gá dá bhrí sin |

| | |
|---|---|
| glantaigh agus dromchlaghníomhaithe. | ceanglais lipéadaithe a bhunú maidir le glantaigh agus dromchlaghníomhaithe. |

**Leasú 14**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 28**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (28) Is comhdhúile orgánacha iad substaintí cumhráin le bolaithe saintréitheacha, a bhíonn go deas de ghnáth, a úsáidtear go forleathan i nglantaigh ach a úsáidtear freisin i gcuid mhaith earraí eile amhail cumhráin agus cosmaidí cumhraithe eile. D'fhéadfadh na substaintí sin frithghníomh ailléirgeach a chruthú ar theagmháil leo, go háirithe i gcás daoine íograithe, fiú nuair is ann dóibh i dtiúchana ísle. Tá sé tábhachtach dá bhrí sin faisnéis a sholáthar maidir leis na cumhráin ailléirgeacha aonair atá i nglantaigh ionas go mbeidh daoine íograithe in ann teagmháil leis an tsubstaint a bhfuil ailléirge orthu ina leith a sheachaint. Is gá dá bhrí sin ceanglais dhiana a leagan síos maidir le lipéadú cumhrán ailléirgineach. Mar sin féin, d'fhéadfadh ceanglas lipéadaithe a bheith ag teastáil de bharr na substaintí sin freisin faoi Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008. Ba cheart ceanglais shonracha maidir le lipéadú a leagan síos dá bhrí sin nach mbeadh feidhm acu ach amháin i gcás nach gcomhlíonfaí na tairseacha lipéadaithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008. Ní hamháin go gcuirfear cosc leis sin ar an ualach gan ghá a bheidh ar oibreoirí eacnamaíocha ach áiritheofar leis freisin go bhfaighidh úsáideoirí deiridh an fhaisnéis sin agus í curtha i láthair ar bhealach soiléir, rud a sholáthróidh dá bhrí sin ardleibhéal cosanta do shláinte an duine fiú i gcás daoine íograithe. | (28) Is comhdhúile orgánacha iad substaintí cumhráin le bolaithe saintréitheacha, a bhíonn go deas de ghnáth, a úsáidtear go forleathan i nglantaigh ach a úsáidtear freisin i gcuid mhaith earraí eile amhail cumhráin agus cosmaidí cumhraithe eile. D'fhéadfadh na substaintí sin frithghníomh ailléirgeach a chruthú ar theagmháil leo, go háirithe i gcás daoine íograithe, fiú nuair is ann dóibh i dtiúchana ísle. Tá sé tábhachtach dá bhrí sin faisnéis a sholáthar maidir leis na cumhráin ailléirgeacha aonair atá i nglantaigh ionas go mbeidh daoine íograithe in ann teagmháil leis an tsubstaint a bhfuil ailléirge orthu ina leith a sheachaint. Is gá dá bhrí sin ceanglais dhiana a leagan síos maidir le lipéadú cumhrán ailléirgineach. Mar sin féin, d'fhéadfadh ceanglas lipéadaithe a bheith ag teastáil de bharr na substaintí sin freisin faoi Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008. Ba cheart ceanglais shonracha maidir le lipéadú a leagan síos dá bhrí sin nach mbeadh feidhm acu ach amháin i gcás nach gcomhlíonfaí na tairseacha lipéadaithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008. Ní hamháin go gcuirfear cosc leis sin ar an ualach gan ghá a bheidh ar oibreoirí eacnamaíocha ach áiritheofar leis freisin go bhfaighidh úsáideoirí deiridh an fhaisnéis sin agus í curtha i láthair ar bhealach soiléir, rud a sholáthróidh dá bhrí sin ardleibhéal cosanta do shláinte an duine fiú i gcás daoine íograithe. ***Ba cheart idirthréimhsí iomchuí a chur i bhfeidhm maidir le ceanglais lipéadaithe nua arna mbunú le gníomhartha tarmligthe.*** |

**Leasú 15**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 31**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (31) D'fhéadfadh an lipéadú digiteach feabhas a chur ar an gcaoi a gcuirtear faisnéis lipéadaithe in iúl trí lipéid fhisiceacha ró-ualaithe a sheachaint agus trína chur ar a gcumas d'úsáideoirí brath ar roghanna léitheoireachta éagsúla atá ar fáil le haghaidh formáidí digiteacha amháin, amhail cló méadaithe, cuardach uathoibríoch, callairí arda nó aistriúchán go teangacha eile. Chomh maith leis sin, ach lipéid dhigiteacha a sholáthar d'fhéadfadh sé go ndéanfadh oibreoirí eacnamaíocha a gcuid oibleagáidí maidir le lipéadú a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtúla, trí é a dhéanamh níos éasca an fhaisnéis lipéadaithe a thabhairt cothrom le dáta, trí na costais a bhaineann le lipéadú a laghdú agus trí fhaisnéis níos spriocdhírithe a chur ar fáil d'úsáideoirí. Dá bhrí sin, ba cheart a cheadú d'oibreoirí eacnamaíocha faisnéis lipéadaithe áirithe a sholáthar tríd an lipéad digiteach ***amháin*** faoi réir coinníollacha áirithe chun ardleibhéal cosanta a áirithiú d'úsáideoirí na nglantach. | (31) D'fhéadfadh an lipéadú digiteach feabhas a chur ar an gcaoi a gcuirtear faisnéis lipéadaithe in iúl trí lipéid fhisiceacha ró-ualaithe a sheachaint agus trína chur ar a gcumas d'úsáideoirí brath ar roghanna léitheoireachta éagsúla atá ar fáil le haghaidh formáidí digiteacha amháin, amhail cló méadaithe, cuardach uathoibríoch, callairí arda nó aistriúchán go teangacha eile. Chomh maith leis sin, ach lipéid dhigiteacha a sholáthar d'fhéadfadh sé go ndéanfadh oibreoirí eacnamaíocha a gcuid oibleagáidí maidir le lipéadú a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtúla, trí é a dhéanamh níos éasca an fhaisnéis lipéadaithe a thabhairt cothrom le dáta, trí na costais a bhaineann le lipéadú a laghdú agus trí fhaisnéis níos spriocdhírithe a chur ar fáil d'úsáideoirí. Dá bhrí sin, ba cheart a cheadú d'oibreoirí eacnamaíocha faisnéis lipéadaithe áirithe a sholáthar tríd an lipéad digiteach faoi réir coinníollacha áirithe chun ardleibhéal cosanta a áirithiú d'úsáideoirí na nglantach ***agus don chomhshaol***. |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 31 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(31a) D'fhéadfadh lipéadú digiteach cur le hinléiteacht, éascaíocht úsáide agus tuiscint na lipéad do thomhaltóirí, lena n-*** |

***áirítear tomhaltóirí leochaileacha agus tomhaltóirí lagamhairc.***

**Leasú 17**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) Ionas nach gcuirfí ualach riaracháin gan ghá ar oibreoirí eacnamaíocha agus toisc***, i bhformhór na gcásanna, nach*** bhfuil an lipéad digiteach comhlántach ***ach*** leis an lipéad fisiceach ***amháin***, ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha a bheith in ann cinneadh a dhéanamh faoi cé acu lipéid dhigiteacha a úsáid nó gan iad a úsáid nó an fhaisnéis go léir a sholáthar ar lipéad fisiceach amháin. Ba cheart an rogha maidir le lipéad digiteach a sholáthar a bheith faoi mhonaróirí agus allmhaireoirí, atá freagrach as an tacar cruinn faisnéise lipéadaithe a sholáthar. | (32) Ionas nach gcuirfí ualach riaracháin gan ghá ar oibreoirí eacnamaíocha agus toisc ***go*** bhfuil an lipéad digiteach comhlántach leis an lipéad fisiceach, ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha a bheith in ann cinneadh a dhéanamh faoi cé acu lipéid dhigiteacha a úsáid nó gan iad a úsáid nó an fhaisnéis go léir a sholáthar ar lipéad fisiceach amháin. Ba cheart an rogha maidir le lipéad digiteach a sholáthar a bheith faoi mhonaróirí agus allmhaireoirí, atá freagrach as an tacar cruinn faisnéise lipéadaithe a sholáthar. |

**Leasú 18**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 33**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (33) D'fhéadfadh lipéadú digiteach dúshláin a chruthú freisin do ghrúpaí daonra leochaileacha nach bhfuil scileanna digiteacha ar bith acu nó nach leor a scileanna digiteacha agus d'fhéadfaí an deighilt dhigiteach a threisiú dá bharr sin. Ar an gcúis sin, ba cheart an fhaisnéis shonrach ***nach soláthrófar ach ar*** lipéad digiteach ***amháin*** staid reatha dhigitiú na sochaí ***a léiriú*** agus ***cás na n-úsáideoirí glantach,*** ar ***cás ar*** leith ***é***. Ina theannta sin, an fhaisnéis lipéadaithe uile a bhaineann le cosaint na sláinte agus an chomhshaoil, ***chomh maith leis*** na treoracha maidir leis an úsáid is lú a bhaint as glantaigh, ba | (33) D'fhéadfadh lipéadú digiteach dúshláin a chruthú freisin do ghrúpaí daonra leochaileacha nach bhfuil scileanna digiteacha ar bith acu nó nach leor a scileanna digiteacha agus d'fhéadfaí an deighilt dhigiteach a threisiú dá bharr sin. Ar an gcúis sin, ba cheart ***go léireodh*** an fhaisnéis shonrach ***atá le soláthar i*** lipéad digiteach staid reatha dhigitiú na sochaí agus ***staid*** ar leith ***úsáideoirí glantach chomh maith le hullmhacht an bhonneagair teicneolaíochta gan sreang agus bonneagar teicneolaíoch eile atá riachtanach lena gceadófar rochtain neamhshrianta ar an bhfaisnéis***. Ina |

| | |
|---|---|
| cheart í a bheith le feiceáil fós ar an lipéad fisiceach, chun a chur ar a gcumas do gach úsáideoir deiridh roghanna eolasacha a dhéanamh sula gceannaíonn sé an glantach agus chun láimhseáil shábháilte an ghlantaigh a áirithiú. | theannta sin, an fhaisnéis lipéadaithe uile a bhaineann le cosaint na sláinte agus an chomhshaoil, ***lena n-áirítear*** na treoracha maidir leis an úsáid is lú a bhaint as glantaigh, ba cheart í a bheith le feiceáil fós ar an lipéad fisiceach, chun a chur ar a gcumas do gach úsáideoir deiridh roghanna eolasacha a dhéanamh sula gceannaíonn sé an glantach agus chun láimhseáil shábháilte an ghlantaigh a áirithiú. |

**Leasú 19**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 34**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (34) ***Ba cheart eisceacht a dhéanamh, mar sin féin,*** maidir le glantaigh a dhíoltar le húsáideoirí deiridh i bhformáid athlíonta***. Chun leas iomlán a bhaint as na buntáistí a bhaineann leis an digitiú agus ní hamháin sin ach freisin na buntáistí móra comhshaoil i dtéarmaí laghdú ar phacáistíocht agus ar an dramhaíl ghaolmhar ó phacáistíocht a thagann leis an gcleachtas a bhaineann le tairiscintí díolacháin athlíonta***, ba cheart ***é a cheadú go soláthrófaí an fhaisnéis*** lipéadaithe go ***léir go digiteach cé is moite de threoracha dáileoige*** i gcás glantaigh níocháin tomhaltóra. | (34) Maidir le glantaigh a dhíoltar le húsáideoirí deiridh i bhformáid athlíonta, ba cheart ***a áirithiú go mbeidh gach faisnéis*** lipéadaithe ***ar fáil ar lipéad atá ar fáil ar leithligh agus ba cheart a bheith ceangailte den phacáistíocht tráth a n-athlíonta. Ba cheart*** go ***n-áireofaí leis sin na treoracha dáileogachta*** i gcás glantaigh níocháin tomhaltóra. |

**Leasú 20**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (35) Chun cothrom na Féinne a áirithiú i measc oibreoirí eacnamaíocha a chuireann glantaigh ar fáil ar an margadh, agus chun cosaint a thabhairt d'úsáideoirí deiridh, ba cheart ceanglais ghinearálta maidir le lipéadú digiteach a leagan síos. Mar shampla, ba cheart d'oibreoirí | (35) Chun cothrom na Féinne a áirithiú i measc oibreoirí eacnamaíocha a chuireann glantaigh ar fáil ar an margadh, agus chun cosaint a thabhairt d'úsáideoirí deiridh, ba cheart ceanglais ghinearálta maidir le lipéadú digiteach a leagan síos. Mar shampla, ba cheart d'oibreoirí |

| | |
|---|---|
| eacnamaíocha a áirithiú ***gur féidir lipéid dhigiteacha a*** rochtain ***go héasca*** saor in aisce agus go ***ndéanfaí*** an fhaisnéis lipéadaithe éigeantach***, arna hiarraidh*** faoin Rialachán seo***,*** a dheighilt ***ón bhfaisnéis*** eile. | eacnamaíocha a áirithiú ***go mbeidh*** rochtain saor in aisce agus ***éasca ar lipéid dhigiteacha, a bheidh ar fáil trí dhá chnaipe nó dhá chlic ar a mhéad, agus*** go ***ndéanfar*** an fhaisnéis lipéadaithe éigeantach ***a iarrtar*** faoin Rialachán seo a dheighilt ***ó fhaisnéis*** eile. |

**Leasú 21**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (36) Ag glacadh leis an bhforbairt reatha ar na scileanna digiteacha, ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha an fhaisnéis lipéadaithe a sholáthar d'úsáideoirí deiridh ar bhealaí eile freisin i gcás nach féidir leo an lipéad digiteach a rochtain. Ba cheart an oibleagáid sin a fhorchur mar bheart sábháilteachta chun aon riosca ionchasach a laghdú i gcás nach bhfuil fáil ar an bhfaisnéis lipéadaithe***, go háirithe a mhéid a bhaineann le glantaigh athlíonta, i gcás ina bhféadfaí an fhaisnéis go léir a sholáthar i lipéad digiteach***. | (36) Ag glacadh leis an bhforbairt reatha ar na scileanna digiteacha, ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha an fhaisnéis lipéadaithe a sholáthar d'úsáideoirí deiridh ar bhealaí eile freisin i gcás nach féidir leo an lipéad digiteach a rochtain. Ba cheart an oibleagáid sin a fhorchur mar bheart sábháilteachta chun aon riosca ionchasach a laghdú i gcás nach bhfuil fáil ar an bhfaisnéis lipéadaithe. |

**Leasú 22**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 37**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (37) Toisc go baintear an úsáid chéanna as glantaigh agus go bhfuil na rioscaí céanna ag baint leo gan beann ar an bhformáid ina gcuirtear ar fáil ar an margadh iad, na hoibreoirí eacnamaíocha a chuireann glantaigh ar fáil ar an margadh i bhformáid athlíonta, ba cheart dóibh a áirithiú go gcomhlíonann siad sin na ceanglais chéanna leis na glantaigh réamhphacáistithe. Ina theannta sin, ba cheart an fhaisnéis lipéadaithe a cheanglaítear a chur ar fáil do thomhaltóirí | (37) Toisc go baintear an úsáid chéanna as glantaigh agus go bhfuil na rioscaí céanna ag baint leo gan beann ar an bhformáid ina gcuirtear ar fáil ar an margadh iad, na hoibreoirí eacnamaíocha a chuireann glantaigh ar fáil ar an margadh i bhformáid athlíonta, ba cheart dóibh a áirithiú go gcomhlíonann siad sin na ceanglais chéanna leis na glantaigh réamhphacáistithe. Ina theannta sin, ba cheart an fhaisnéis lipéadaithe a cheanglaítear a chur ar fáil do thomhaltóirí |

| | |
|---|---|
| freisin nuair a roghnaíonn siad glantaigh athlíonta. Ba cheart díoladh athlíonta glantach, dá bhrí sin, a bheith cumhdaithe go sainráite leis an Rialachán seo chun ardleibhéal cosanta i ndáil leis an tsláinte agus leis an gcomhshaol a áirithiú agus chun cothrom na Féinne a áirithiú d'oibreoirí eacnamaíocha. | freisin nuair a roghnaíonn siad glantaigh athlíonta. Ba cheart ***cóip fhisiciúil den lipéad a bheith le feiceáil i gcónaí ag an stáisiún athlíonta. Ba cheart*** díoladh athlíonta glantach, dá bhrí sin, a bheith cumhdaithe go sainráite leis an Rialachán seo chun ardleibhéal cosanta i ndáil leis an tsláinte agus leis an gcomhshaol a áirithiú agus chun cothrom na Féinne a áirithiú d'oibreoirí eacnamaíocha. ***Ar mhaithe le haistriú an Aontais i dtreo geilleagar ciorclach a chur chun cinn tuilleadh, ba cheart athúsáid agus athlíonadh pacáistíochta a spreagadh agus a chur chun cinn. Ba cheart do mhonaróirí agus do dháileoirí deiridh, i gcás inarb indéanta, díolachán glantach i bhformáid athlíonta ag an díolphointe a chumasú agus a fhorbairt tuilleadh agus ba cheart dóibh féachaint le glantaigh a chur ar fáil do thomhaltóirí i bhfoirmeacha díolacháin inbhuanaithe eile, mar shampla trí ghlantaigh a chur ar fáil i bpacáistíocht in-athchúrsáilte a chuirfidh ar chumas tomhaltóirí an phacáistíocht iomchuí a athlíonadh sa bhaile, agus, i gcás inar féidir, sábháilteacht na dtomhaltóirí a áirithiú ag an am céanna.*** |

**Leasú 23**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 39 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(39a) Chun costais ar chuideachtaí agus ar an bpobal a sheachaint, ar costais iad atá díréireach leis na tairbhí ginearálta, ba cheart an pas táirge, mar réamhshocrú, a bheith sonrach do mhúnla glantaigh nó gníomhaí dromchlach. I gcás ina bhfuil athruithe ar an bhfoirmle nó nuair a bhíonn difríochtaí comhdhéanaimh ann de réir na baisce, ba cheart an pas táirge a bheith sonrach don bhaisc.*** |

**Leasú 24**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 43**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (43) I gcás ina gceanglaítear pas táirge le reachtaíocht eile an Aontais is infheidhme maidir le glantaigh nó dromchlaghníomhaithe, ba cheart pas táirge aonair a bheith ***ar fáil*** maidir le glantaigh agus dromchlaghníomhaithe ina mbeidh an fhaisnéis a cheanglaítear faoin Rialachán seo agus faoi reachtaíocht eile an Aontais. | (43) I gcás ina gceanglaítear pas táirge le reachtaíocht eile an Aontais is infheidhme maidir le glantaigh nó dromchlaghníomhaithe, ba cheart pas táirge aonair a bheith ***riachtanach*** maidir le glantaigh agus dromchlaghníomhaithe ina mbeidh an fhaisnéis a cheanglaítear faoin Rialachán seo agus faoi reachtaíocht eile an Aontais. ***Ina theannta sin, ba cheart go mbeadh na ceanglais maidir le dearadh teicniúil an phas táirge do ghlantaigh agus do dhromchlaghníomhaithe comhoiriúnach le critéir deartha theicniúla ar leith dá bhforáiltear i reachtaíocht eile de chuid an Aontais.*** |

**Leasú 25**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 44**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (44) Tá sé ríthábhachtach go mbeadh sé soiléir do mhonaróirí agus d'úsáideoirí araon go ndearbhaítear go bhfuil an glantach nó an dromchlaghníomhaí i gcomhréir leis na ceanglais uile is infheidhme agus go nglacann an monaróir freagracht iomlán astu sin nuair a chruthaítear an pas táirge don ghlantach nó don ***dromchlaghníomhaí agus, i gcás inarb ábhartha, tríd an marcáil chomhréireachta a ghreamú díobh***. | (44) Tá sé ríthábhachtach go mbeadh sé soiléir do mhonaróirí agus d'úsáideoirí araon go ndearbhaítear go bhfuil an glantach nó an dromchlaghníomhaí i gcomhréir leis na ceanglais uile is infheidhme agus go nglacann an monaróir freagracht iomlán astu sin nuair a chruthaítear an pas táirge don ghlantach nó don ***ghníomhaí dromchla***. |

**Leasú 26**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 45**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (45) I gcás nach soláthraítear faisnéis áirithe ach ar bhonn digiteach ***amháin***, is gá a shoiléiriú nach mór an fhaisnéis sin a sholáthar ar leithligh agus ní mór iad a idirdhealú go follasach óna chéile ach trí iompróir sonraí aonair. Éascófar leis sin obair na n-údarás um fhaireachas margaidh ach soláthrófar leis soiléireacht d'úsáideoirí deiridh maidir leis na píosaí éagsúla faisnéise atá ar fáil dóibh i bhformáid dhigiteach. | (45) I gcás nach soláthraítear faisnéis áirithe ach ar bhonn digiteach, is gá a shoiléiriú nach mór an fhaisnéis sin a sholáthar ar leithligh agus ní mór iad a idirdhealú go follasach óna chéile ach trí iompróir sonraí aonair. Éascófar leis sin obair na n-údarás um fhaireachas margaidh ach soláthrófar leis soiléireacht d'úsáideoirí deiridh maidir leis na píosaí éagsúla faisnéise atá ar fáil dóibh i bhformáid dhigiteach. |

**Leasú 27**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 60**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (60) I bhfianaise an ghá atá ann ardleibhéal cosanta a áirithiú ***i ndáil le sláinte an duine*** agus an ***comhshaol agus an*** ghá forbairtí nua bunaithe ar fhíorais eolaíocha a chur san áireamh, ba cheart don Choimisiún tuarascáil a tharraingt suas maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, lena cur chuig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle. Ina tuarascáil ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar inter alia cé acu atá nó nach bhfuil cuspóirí an Rialacháin seo á mbaint amach, agus na tionchair ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide á gcur san áireamh. | (60) I bhfianaise an ghá atá ann ardleibhéal cosanta ***sláinte agus comhshaoil*** a áirithiú agus an ghá forbairtí nua bunaithe ar fhíorais eolaíocha a chur san áireamh, ba cheart don Choimisiún tuarascáil a tharraingt suas maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, lena cur chuig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle. Ina tuarascáil ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar inter alia cé acu atá nó nach bhfuil cuspóirí an Rialacháin seo á mbaint amach, agus na tionchair ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide á gcur san áireamh. |

**Leasú 28**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 61**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (61) D'fhonn ardleibhéal cosanta a áirithiú i ndáil leis an tsláinte agus leis an gcomhshaol, an nuálaíocht a chothú agus an t-iomaíochas a neartú, ní mór don | (61) D'fhonn ardleibhéal cosanta a áirithiú i ndáil leis an tsláinte agus leis an gcomhshaol, an nuálaíocht a chothú agus an t-iomaíochas a neartú, ní mór don |

| | |
|---|---|
| Choimisiún measúnú a dhéanamh ar na ceanglais sábháilteachta maidir le glantaigh ina bhfuil miocrorgánaigh agus ar an bhféidearthacht úsáid miocrorgánach nua nó tréithchineálacha miocrorgánaigh i nglantaigh a cheadú. | Choimisiún measúnú a dhéanamh ar na ceanglais sábháilteachta maidir le glantaigh ina bhfuil miocrorgánaigh agus ar an bhféidearthacht úsáid miocrorgánach nua nó tréithchineálacha miocrorgánaigh i nglantaigh a cheadú ***nó a láithreacht a shrianadh, i gcás inar gá***. |

**Leasú 29**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 61 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(61a) Chun an t-aistriú chuig geilleagar iomlán ciorclach a éascú, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar thabhairt isteach spriocanna i gcás amhábhair inbhuanaithe in-athnuaite agus ábhar athchúrsáilte le haghaidh ghlantach.*** |

**Leasú 30**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 – fleasc 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| – meascán a cheaptar chun ***uigeacht*** fabraicí a mhodhnú i bpróisis atá ***le cur le*** níochán fabraicí; | – meascán a cheaptar chun ***tadhall nó boladh*** fabraicí a mhodhnú i bpróisis atá ***ann chun comhlánú a dhéanamh ar*** níochán fabraicí; |

**Leasú 31**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3a) ciallaíonn 'táirge glantacháin dromchla chrua' aon ghlantóir uilechuspóra, glantóir cistine, glantóir fuinneoige nó sláintíochta;*** |

**Leasú 32**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3b) ciallaíonn 'glantach miasniteoirí láimhe tomhaltóra' glantach a úsáidtear chun miasa, sceanra agus uirlisí cistine eile a ghlanadh de láimh, a chuirtear ar an margadh lena úsáid ag daoine neamhghairmiúla;*** |

**Leasú 33**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3c) ciallaíonn 'glantach níocháin tionsclaíoch agus institiúideach' glantach le haghaidh níocháin a chuirtear ar an margadh lena úsáid ag pearsanra speisialaithe lasmuigh den bhaile;*** |

**Leasú 34**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3d) ciallaíonn 'glantach miasniteoirí tionsclaíocha agus institiúideacha' glantach a chuirtear ar an margadh lena úsáid ag pearsanra speisialaithe i miasniteoirí uathoibríocha lasmuigh den bhaile.*** |

**Leasú 35**
**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Ciallaíonn 'glanadh' an próiseas lena mbaintear deascán neamh-inmhianaithe amach ó shubstráit nó ó laistigh de shubstráit agus ina n-athraítear go staid tuaslagáin nó chuig staid spréite é; | (6) ciallaíonn 'glanadh' an próiseas lena mbaintear deascán neamh-inmhianaithe amach ó shubstráit nó ó laistigh de shubstráit agus ina n-athraítear go staid tuaslagáin nó chuig staid spréite é; ***lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as miocrorgánaigh;*** |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) ciallaíonn ***'***faireachas margaidh***' na*** gníomhaíochtaí agus ***na*** bearta a dhéanann ***na húdaráis um fhaireachas*** margaidh ***chun a*** áirithiú go gcomhlíonann táirgí na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo; | (20) ciallaíonn ***"***faireachas margaidh***"*** gníomhaíochtaí agus bearta a dhéanann ***údaráis faireachais*** margaidh ***lena*** áirithiú go gcomhlíonann táirgí na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo ***agus i reachtaíocht chomhchuibhithe eile is infheidhme de chuid an Aontais agus chun cosaint leas an phobail a chumhdaítear leis an reachtaíocht sin a áirithiú***; |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Ciallaíonn 'údarás um fhaireachas margaidh' ***'***údarás um fhaireachas | (21) ciallaíonn 'údarás um fhaireachas margaidh' údarás um fhaireachas |

margaidh*'* mar a ***shainítear i bpointe 4 d'Airteagal 3*** de Rialachán (AE) 2019/1020;

margaidh mar a ***shainmhínítear in Airteagal 3, pointe 4,*** de Rialachán (AE) 2019/1020 ***mar údarás atá freagrach as faireachas margaidh a eagrú agus a dhéanamh ar chríoch an Bhallstáit sin***;

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(24) ciallaíonn 'marcáil chomhréireachta' marcáil lena léiríonn an monaróir go bhfuil an glantach i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais lena ndéantar foráil maidir lena greamú;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 39**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) ciallaíonn '***beart ceartaitheach***' mar a shainmhínítear ***beart ceartaitheach in Airteagal 3***, ***pointe 16,*** de Rialachán (AE) ***2019/1020***; | (25) ciallaíonn '***gníomhaíocht cheartaitheach***' ***gníomhaíocht*** mar a shainmhínítear ***in Airteagal 3***, ***pointe 16,*** de Rialachán (AE) ***2019/1020[1a]***; <br>______________ <br>***[1a] Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh agus comhlíontacht táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialacháin (CE)*** |

*Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011 (IO L 169, 25.6.2019, lch. 1).*

**Leasú 40**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 28**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (28) ciallaíonn 'aitheantóir táirge uathúil' teaghrán uathúil carachtar ***lenar féidir*** táirge a shainaithint ***agus*** nasc gréasáin a dhéanamh leis an bpas táirge; | (28) ciallaíonn 'aitheantóir táirge uathúil' teaghrán uathúil carachtar ***chun*** táirge a shainaithint ***lenar féidir*** nasc gréasáin a dhéanamh leis an bpas táirge; |

**Leasú 41**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 29**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (29) ciallaíonn 'aitheantóir oibreora uathúil' teaghrán uathúil carachtar chun ***oibreoirí eacnamaíocha*** atá bainteach leis an slabhra luacha táirgí a shainaithint; | (29) ciallaíonn 'aitheantóir oibreora uathúil' teaghrán uathúil carachtar chun ***gníomhaithe*** atá bainteach leis an slabhra luacha táirgí a shainaithint; |

**Leasú 42**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 33**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (33) ciallaíonn 'athlíonadh' ***an t-oibriú*** lena ***líontar an*** glantach ar ***an láthair ó choimeádán mór i bpacáistíocht na n-úsáideoirí deiridh féin de láimh nó le trealamh uathoibríoch nó leath-uathoibríoch***; | (33) ciallaíonn 'athlíonadh' ***oibríocht*** lena ***líonann tomhaltóir nó úsáideoir gairmiúil pacáistíocht le*** glantach ***a thairgeann soláthróir le linn gníomhaíocht tráchtála, bíodh sin*** ar ***íocaíocht nó saor in aisce***; |

**Leasú 43**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 34 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(34a) ciallaíonn 'múnla' grúpa glantach nó dromchlaghníomhaithe a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas:*** |
| | ***- is é an monaróir céanna atá freagrach astu,*** |
| | ***- tá an t-ábhar céanna iontu, i gcomhréir le Cuid A d'Iarscríbhinn V, agus monaraítear iad trí úsáid a bhaint as na próisis mhonaraíochta chéanna;*** |
| | ***- beartaítear comhshuíomh aonfhoirmeach a bheith acu le linn tástála i gcomhréir leis na modhanna tástála céanna; agus*** |
| | ***- sainítear go soiléir iad le huimhir cineáil nó le heilimint eile lenar féidir iad a shainaithint;*** |

**Leasú 44**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 ***maidir leo seo*** a leanas: | 2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 ***i leith dromchlaghníomhaithe ar substaintí gníomhacha iad mar*** a ***shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 agus a úsáidtear mar dhíghalráin nuair a gcomhlíonann siad aon cheann de na coinníollacha a*** leanas: |

**Leasú 45**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe a – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ***dromchlaghníomhaithe ar substaintí*** gníomhacha ***iad*** de ***réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (c), de*** Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ***agus a úsáidtear mar dhíghalráin i gcás ina gcomhlíonann siad aon cheann de na coinníollacha a leanas:*** | (a) ***áirítear iad i liosta an Aontais de shubstaintí*** gníomhacha ***formheasta mar a leagtar síos in Airteagal 9(2)*** de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012***;*** |

**Leasú 46**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe a – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(i) áirítear dromchlaghníomhaithe i liosta an Aontais de shubstaintí gníomhacha formheasta mar a leagtar síos in Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 47**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe a – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(ii) áirítear na dromchlaghníomhaithe sa chlár athbhreithnithe mar a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 1062/2014 ón gCoimisiún[45];*** | ***scriosta*** |

***[45] Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014 ón gCoimisiún an 4 Lúnasa 2014 maidir leis an gclár oibre chun scrúdú córasach a dhéanamh ar gach substaint ghníomhach atá ann cheana i dtáirgí bithicídeacha, clár oibre dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 294,***

***10.10.2014, lch. 1).***

**Leasú 48**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ***is comhábhair táirgí bithicídeacha iad dromchlaghníomhaithe i gcomhréir le*** Rialachán (AE) Uimh. ***528/2012***; | (b) ***áirítear iad sa chlár athbhreithnithe mar a leagtar amach i*** Rialachán ***Tarmligthe*** (AE) Uimh. ***1062/2014 ón gCoimisiún[1a]***; |

______________

***[1a] Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014 ón gCoimisiún an 4 Lúnasa 2014 maidir leis an gclár oibre chun scrúdú córasach a dhéanamh ar gach substaint ghníomhach atá ann cheana i dtáirgí bithicídeacha, clár oibre dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 294, 10.10.2014, lch. 1).***

**Leasú 49**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) is comhábhair táirgí bithicídeacha iad ***dromchlaghníomhaithe*** agus ***a*** d'fhéadfaí a chur ar fáil ar an margadh nó a úsáid i gcomhréir le ***hAirteagal 89(2)*** de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. | (c) is comhábhair táirgí bithicídeacha iad***,*** agus d'fhéadfaí ***iad*** a chur ar fáil ar an margadh nó a úsáid i gcomhréir le ***hAirteagal 55*** de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. |

**Leasú 50**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

***2a. [4 bliana ó theacht i bhfeidhm an ghnímh tharmligthe arna ghlacadh i gcomhréir leis an dara fomhír] beidh comhábhair orgánacha glantach seachas dromchlaghníomhaithe in-bhith-dhíghrádaithe ó nádúr.***

***Faoin... [dhá bhliain ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 27 chun Iarscríbhinn I a fhorlíonadh le critéir bhunúsacha maidir le in-bhith-dhíghrádaíocht ó nádúr agus le modhanna tástála le haghaidh comhpháirteanna eile seachas dromchlaghníomhaithe.***

***I gcás inar gá, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 27 chun go bhféadfar substaintí a úsáid i nglantaigh nach gcomhlíonann na critéir in-bhith-dhíghrádaitheacht a bhunaítear i gcomhréir le hIarscríbhinn I.***

***Agus gníomhartha tarmligthe á nglacadh i gcomhréir leis an dara fomhír agus an tríú fomhír, cuirfidh an Coimisiún san áireamh na cleachtais mhonaraíochta, infhaighteacht roghanna malartacha atá indéanta ar bhonn teicniúil agus eacnamaíoch agus an tionchar ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus an tionchar ar an tsláinte agus ar an gcomhshaol.***

**Leasú 51**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2b. Faoin ... [dhá bhliain ó theacht i bhfeidhm an ghnímh tharmligthe arna ghlacadh i gcomhréir leis an dara fomhír], beidh sceo uiscethuaslagtha timpeall ar ghlantaigh in-díghrádaithe.*** |
| | ***Faoin... [18 mí ó dháta theacht i*** |

***bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 27 chun Iarscríbhinn I a fhorlíonadh le critéir agus modhanna tástála maidir le hin-díghrádaitheacht sceo uiscethuaslagtha timpeall ar ghlantaigh.***

**Leasú 52**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***Ní bheidh feidhm ag an gcéad mhír maidir le glantaigh ar táirgí bithicídeacha tionsclaíocha iad de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ná maidir le feistí leighis de réir bhrí Rialachán (AE) 2017/745[1a].*** |
| | ***[1a] Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis, lena leasaítear Treoir 2001/83/CE, Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 agus Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 agus lena n-aisghairtear Treoracha 90/385/CEE agus 93/42/CEE ón gComhairle (IO L 117, 5.5.2017, lch. 1).*** |

**Leasú 53**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***Glacfar le láithreacht neamhbheartaithe fosfáití agus comhdhúile fosfair eile a eascraíonn as eisíontais comhábhar, as an bpróiseas monaraíochta nó as stóráil nó as ascnamh ó phacáistíocht, más rud é nach féidir an láithreacht sin a sheachaint go teicniúil i ndea-chleachtas monaraíochta agus, d’ainneoin go bhfuil*** |

***na dromchlaghníomhaithe agus na glantaigh sin sábháilte.***

**Leasú 54**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 6a*** |
| | ***Tástáil ar Ainmhithe*** |
| | ***1. Bunófar sábháilteacht glantach agus dromchlaghníomhaithe agus comhréireacht leis an Rialachán seo trí úsáid a bhaint as modhanna nua cur chuige neamhainmhithe arna mbailíochtú agus arna nglacadh ar leibhéal an Aontais.*** |
| | ***2. Gan dochar do na hoibleagáidí ginearálta de bhun Airteagal 1(1), toirmiscfear an méid seo a leanas:*** |
| | ***(a) glantaigh agus dromchlaghníomhaithe a chur ar an margadh i gcás ina ndearnadh tástáil ar ainmhithe leis an bhfoirmliú deiridh nó leis na comhábhair nó na teaglamaí comhábhar d'fhonn ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh;*** |
| | ***(b) glantaigh chríochnaithe ná dromchlaghníomhaithe nó comhábhair nó teaglamaí comhábhar na nglantach nó na ndromchlaghníomhaithe sin a thástáil ar ainmhithe laistigh den Aontas d'fhonn ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh.*** |
| | ***3. Beidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 gan dochar do dhlí ábhartha an Aontais, agus ní chuirfidh siad cosc ar úsáid sonraí a fuarthas roimh an.... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].*** |
| | ***4. In imthosca eisceachtúla, nuair a thagann imní chun cinn maidir le sábháilteacht comhábhair ghlantaigh, féadfaidh an Coimisiún cinneadh a ghlacadh lena ndeonófar maolú ar*** |

| | |
|---|---|
| | ***mhíreanna 1 agus 2. Féadfaidh an Coimisiún gníomhú ar a thionscnamh féin nó ar bhonn iarraidh réasúnaithe ó oibreoir eacnamaíoch nó ó Bhallstát.***<br><br>***Nuair a ghníomhaíonn an Coimisiún ar bhonn iarraidh réasúnaithe ó oibreoir eacnamaíoch nó ó Bhallstát, beidh meastóireacht san iarraidh sin ar an staid agus léireofar inti na bearta is gá. Ar an mbonn sin, féadfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste, leis an nGníomhaireacht nó leis an gcomhlacht eolaíoch ábhartha, cinneadh a ghlacadh lena n-údarófar an maolú.***<br><br>***Leis an gcinneadh sin, leagfar síos na coinníollacha a bhaineann leis an maolú seo i dtéarmaí cuspóirí sonracha, ré agus tuairisciú na dtorthaí. Ní thabharfar maolú ach amháin más rud é:***<br><br>***(a) go bhfuil an comhábhar in úsáid go forleathan agus nach féidir comhábhar eile a dhéanfadh feidhm den saghas céanna a chur ina ionad;***<br><br>***(b) go bhfuil cuí-réasúnú ann maidir leis an bhfadhb do shláinte an duine agus go bhfuil údar leis an ngá le tástáil a dhéanamh ar ainmhithe agus go bhfuil prótacal mionsonraithe taighde ann mar thacaíocht, agus é molta mar bhonn leis an meastóireacht.*** |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2 – fomhír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(c) i gcás inarb ábhartha, an mharcáil chomhréireachta a ghreamú i gcomhréir le hAirteagal 14,*** | ***scriosta*** |

**Leasú 56**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Coimeádfaidh monaróirí an doiciméadacht theicniúil agus an pas táirge ar feadh 10 mbliana tar éis don ghlantach nó don dromchlaghníomhaí, a chumhdaítear faoin doiciméadacht nó faoin bpas táirge sin, a bheith curtha ar an margadh. | 3. Coimeádfaidh monaróirí an doiciméadacht theicniúil agus an pas táirge ar feadh 10 mbliana tar éis don ghlantach nó don dromchlaghníomhaí, a chumhdaítear faoin doiciméadacht nó faoin bpas táirge sin, a bheith curtha ar an margadh***, agus, i gcás inar gá, nuashonróidh siad iad***. |

**Leasú 57**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 6 – fomhír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ***arna iarraidh sin do chomhlachtaí ceaptha na mBallstát***; | (a) ***tráth a chuirtear glantach ar an margadh***; |

**Leasú 58**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 6 – fomhír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***i gcás*** nach bhfreagraíonn an glantach, ***arna iarradh*** bileog sonraí ina leith cheana ***féin***, don fhaisnéis atá sa bhileog sonraí a thuilleadh. | ***nuair*** nach bhfreagraíonn an glantach, ***a bhfuil*** bileog sonraí ***curtha ar fáil*** ina leith cheana, don fhaisnéis atá sa bhileog sonraí a thuilleadh. |

**Leasú 59**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Monaróirí a mheasann, nó a bhfuil cúis acu a chreidiúint, nach bhfuil glantach | 7. Monaróirí a mheasann, nó a bhfuil cúis acu a chreidiúint, nach bhfuil glantach |

| | |
|---|---|
| nó dromchlaghníomhaí atá curtha ar an margadh acu i gcomhréir leis an Rialachán seo, déanfaidh siad na ***bearta*** ceartaitheacha is gá láithreach chun go mbeidh an glantach nó an dromchlaghníomhaí sin i gcomhréir, chun é a tharraingt siar nó chun é a aisghairm, de réir mar is iomchuí. Thairis sin, i gcás ina measann monaróirí, nó ina bhfuil cúis acu a chreidiúint, go bhfuil riosca don tsláinte nó don chomhshaol ag baint le glantach nó le dromchlaghníomhaí atá curtha ar an margadh acu, cuirfidh siad údaráis náisiúnta inniúla na mBallstát inar chuir siad an glantach nó an dromchlaghníomhaí ar fáil ar an margadh ar an eolas láithreach ina thaobh sin, agus tabharfaidh siad mionsonraí, go háirithe, faoi aon neamhchomhlíonadh agus faoi aon ***bheart ceartaitheach*** a rinneadh. | nó dromchlaghníomhaí atá curtha ar an margadh acu i gcomhréir leis an Rialachán seo, déanfaidh siad na ***gníomhaíochtaí*** ceartaitheacha is gá láithreach chun go mbeidh an glantach nó an dromchlaghníomhaí sin i gcomhréir, chun é a tharraingt siar nó chun é a aisghairm, de réir mar is iomchuí. Thairis sin, i gcás ina measann monaróirí, nó ina bhfuil cúis acu a chreidiúint, go bhfuil riosca don tsláinte nó don chomhshaol ag baint le glantach nó le dromchlaghníomhaí atá curtha ar an margadh acu, cuirfidh siad údaráis náisiúnta inniúla na mBallstát inar chuir siad an glantach nó an dromchlaghníomhaí ar fáil ar an margadh ar an eolas láithreach ina thaobh sin, agus tabharfaidh siad mionsonraí, go háirithe, faoi aon neamhchomhlíonadh agus faoi aon ***ghníomhaíocht cheartaitheach*** a rinneadh. |

**Leasú 60**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7a. Déanfaidh monaróirí, arna iarraidh sin orthu, faisnéis ábhartha a roinnt go tráthúil le hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha, lena n-áirítear dáileoirí, allmhaireoirí agus ionadaithe údaraithe, sa slabhra soláthair lena mbaineann maidir le haon saincheist chomhréireachta nó riosca don tsláinte nó don chomhshaol a shainaithin siad i ndáil lena dtáirge, agus maidir le haon ghníomhaíocht a d'fhéadfadh a bheith ann dá bharr, a aisghairm nó a aistarraingt.*** |

**Leasú 61**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Mar thoradh ar iarraidh réasúnaithe ó údarás náisiúnta inniúil, ***cuirfidh*** monaróirí an fhaisnéis agus an doiciméadacht ar fad is gá chun ***comhréireacht*** an ghlantaigh nó an dromchlaghníomhaí leis an Rialachán seo a ***léiriú*** ar fáil don údarás sin, i bhfoirm ***páipéir nó*** leictreonach agus i dteanga is féidir leis an údarás sin a thuiscint gan stró. Oibreoidh siad i gcomhar leis an údarás sin, arna iarraidh sin dó, maidir le haon ghníomhaíocht a dhéanfar chun deireadh a chur leis na rioscaí a bhaineann le glantach nó le dromchlaghníomhaí atá curtha ar an margadh acu. | 8. Mar thoradh ar iarraidh réasúnaithe ó údarás náisiúnta inniúil, ***déanfaidh*** monaróirí an fhaisnéis agus an doiciméadacht ar fad is gá chun ***léiriú a thabhairt ar chomhréireacht*** an ghlantaigh nó an dromchlaghníomhaí leis an Rialachán seo a ***chur*** ar fáil don údarás sin, i bhfoirm leictreonach agus***, arna iarraidh sin,*** i ***bhfoirm páipéir, i*** dteanga is féidir leis an údarás sin a thuiscint gan stró. ***Soláthrófar an fhaisnéis agus an doiciméadacht ábhartha laistigh de 20 lá oibre ón iarraidh a fháil.*** Oibreoidh siad i gcomhar leis an údarás sin, arna iarraidh sin dó, maidir le haon ghníomhaíocht a dhéanfar chun deireadh a chur leis na rioscaí a bhaineann le glantach nó le dromchlaghníomhaí atá curtha ar an margadh acu. |

**Leasú 62**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***8a. Cuirfidh monaróirí a mbealaí cumarsáide, amhail uimhir theileafóin, seoladh ríomhphoist nó cuid ar leith dá suíomh gréasáin, ar fáil go poiblí ar a suíomh gréasáin, agus riachtanais inrochtaineachta daoine faoi mhíchumas á gcur i gcuntas, lena gcuirfear ar chumas úsáideoirí deiridh gearáin nó ábhair imní a chur isteach maidir le neamhchomhlíonadh féideartha táirgí nó sábháilteacht.*** |

**Leasú 63**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| 1. Féadfaidh monaróirí, trí shainordú scríofa, ionadaí údaraithe a cheapadh. | 1. Féadfaidh monaróirí, trí shainordú scríofa, ionadaí údaraithe a cheapadh. ***Ní bheidh sainordú an ionadaí údaraithe bailí ach amháin nuair a ghlacfaidh an t-ionadaí údaraithe i scríbhinn é.*** |

**Leasú 64**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Monaróirí nach bhfuil bunaithe san Aontas, ba cheart dóibh seoladh agus seoladh ríomhphoist a n-ionadaí údaraithe a chur in iúl do na húdaráis inniúla náisiúnta.*** |

**Leasú 65**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 3 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Feidhmeoidh ionadaí údaraithe na cúraimí a shonraítear sa sainordú a gheofar ón monaróir. Soláthróidh an t-ionadaí údaraithe cóip den sainordú don údarás inniúil, arna iarraidh sin dó. | Feidhmeoidh ionadaí údaraithe na cúraimí a shonraítear sa sainordú a gheofar ón monaróir. ***Beidh na modhanna iomchuí ag an ionadaí údaraithe chun na cúraimí a shonraítear sa sainordú a chomhlíonadh.*** Soláthróidh an t-ionadaí údaraithe cóip den sainordú don údarás inniúil, arna iarraidh sin dó. |

**Leasú 66**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 3 – fomhír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) mar thoradh ar iarraidh réasúnaithe ó údarás náisiúnta inniúil, an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile is gá a chur ar fáil don údarás sin chun a léiriú go bhfuil an | (c) mar thoradh ar iarraidh réasúnaithe ó údarás náisiúnta inniúil, an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile is gá a chur ar fáil don údarás sin chun a léiriú go bhfuil an |

glantach nó an dromchlaghníomhaí i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos leis an Rialachán seo;

glantach nó an dromchlaghníomhaí i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos leis an Rialachán seo***, laistigh de 20 lá oibre tar éis dó an iarraidh a fháil agus i dteanga oifigiúil de chuid an Aontais is féidir leis an údarás sin a thuiscint go héasca***;

**Leasú 67**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 3 – fomhír 2 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) an sainordú a fhoirceannadh mura gcomhlíonann an monaróir oibleagáidí an mhonaróra faoin Rialachán seo. | (e) an sainordú a fhoirceannadh mura gcomhlíonann an monaróir oibleagáidí an mhonaróra faoin Rialachán seo ***agus, laistigh de 20 lá oibre, údarás um fhaireachas margaidh an Bhallstáit ina bhfuil an monaróir bunaithe a chur ar an eolas faoi fhoirceannadh an tsainordaithe***. |

**Leasú 68**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 3 – fomhír 2 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) i gcás ina measann an t-ionadaí údaraithe, nó ina bhfuil cúis acu chun a chreidiúint, go bhfuil riosca don tsláinte nó don chomhshaol ag baint le glantach nó gníomhaí dromchlach, cuirfidh siad an monaróir ar an eolas faoi sin;*** |

**Leasú 69**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Nuair a thiocfaidh athrú ar an*** |

| | |
|---|---|
| | ***ionadaí údaraithe, déanfar socruithe mionsonraithe a bhaineann leis an athrú sin a leagan síos i sainordú i gcomhréir le míreanna 1, 2 agus 3.*** |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) go bhfuil an mharcáil chomhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 14 ar an nglantach;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 71**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Déanfaidh allmhaireoirí a n-ainm, a dtrádainm cláraithe nó a dtrádmharc cláraithe agus an seoladh poist agus ríomhphoist ***ag*** ar féidir teagmháil a dhéanamh leo a lua ar lipéad an ghlantaigh nó an dromchlaghníomhaí. ***Ní mór*** na sonraí teagmhála ***a bheith*** i dteanga is ***féidir le húsáideoirí*** deiridh agus údaráis um fhaireachas margaidh a thuiscint ***go héasca***. | 4. Déanfaidh allmhaireoirí a n-ainm, a dtrádainm cláraithe nó a dtrádmharc cláraithe agus an seoladh poist agus ríomhphoist ***agus a n-uimhir theileafóin*** ar ***ar*** féidir teagmháil a dhéanamh leo a lua ar lipéad an ghlantaigh nó an dromchlaghníomhaí. ***Beidh*** na sonraí teagmhála ***sin*** i dteanga is ***furasta d'úsáideoirí*** deiridh agus ***d'***údaráis um fhaireachas margaidh a thuiscint ***agus beidh siad soiléir, intuigthe agus soléite***. |

**Leasú 72**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| 8. Allmhaireoirí a mheasann, nó a bhfuil cúis acu a chreidiúint, nach bhfuil glantach nó dromchlaghníomhaí atá curtha ar an margadh acu i gcomhréir leis an Rialachán seo, déanfaidh siad na ***bearta*** ceartaitheacha is gá láithreach chun ***go mbeidh*** an glantach nó an ***dromchlaghníomhaí sin i gcomhréir leis***, chun é a tharraingt siar nó chun é a aisghairm, de réir mar is iomchuí. Thairis sin, i gcás ina measann allmhaireoirí, nó ina bhfuil cúis acu a chreidiúint, go bhfuil riosca don tsláinte nó don chomhshaol ag baint le glantach nó le dromchlaghníomhaí atá curtha ar an margadh acu, ***cuirfidh*** siad údaráis náisiúnta inniúla na mBallstát inar chuir siad an glantach nó an dromchlaghníomhaí ar fáil ar an margadh ar an eolas láithreach ina thaobh sin, agus tabharfaidh siad mionsonraí, go háirithe, faoi aon neamhchomhlíonadh agus faoi aon ***bheart ceartaitheach*** a rinneadh. | 8. Allmhaireoirí a mheasann, nó a bhfuil cúis acu ***chun*** a chreidiúint, nach bhfuil glantach nó dromchlaghníomhaí atá curtha ar an margadh acu i gcomhréir leis an Rialachán seo, déanfaidh siad ***an monaróir agus*** na ***húdaráis inniúla a chur ar an eolas láithreach agus oibreoidh siad i gcomhar leo agus déanfaidh siad na gníomhaíochtaí*** ceartaitheacha is gá láithreach chun an glantach nó an ***gníomhaí dromchlach sin a thabhairt chun comhréireachta***, chun é a tharraingt siar nó chun é a aisghairm, de réir mar is iomchuí. Thairis sin, i gcás ina measann allmhaireoirí, nó ina bhfuil cúis acu a chreidiúint, go bhfuil riosca don tsláinte nó don chomhshaol ag baint le glantach nó le dromchlaghníomhaí atá curtha ar an margadh acu, ***déanfaidh*** siad ***an monaróir agus*** údaráis náisiúnta inniúla na mBallstát inar chuir siad an glantach nó an dromchlaghníomhaí ar fáil ar an margadh ***a chur*** ar an eolas láithreach ina thaobh sin, agus tabharfaidh siad mionsonraí, go háirithe, faoi aon neamhchomhlíonadh agus faoi aon ***ghníomhaíocht cheartaitheach*** a rinneadh. |

**Leasú 73**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***8a. Déanfaidh allmhaireoirí, arna iarraidh sin d'údaráis faireachais margaidh, faisnéis ábhartha a roinnt go tráthúil le hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha, lena n-áirítear dáileoirí agus ionadaithe údaraithe, sa slabhra soláthair lena mbaineann maidir le haon saincheist chomhréireachta don tsláinte nó don chomhshaol nó maidir le haon saincheist chomhréireachta nó riosca don tsláinte nó don chomhshaol a shainaithin siad i ndáil lena dtáirge, agus maidir le haon ghníomhaíocht cheartaitheach, a d'fhéadfadh a bheith ann dá bharr, a*** |

***aisghairm nó a aistarraingt.***

**Leasú 74**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 10. ***Cuirfidh*** allmhaireoirí ***ar fáil***, ar ***pháipéar nó i bhfoirm leictreonach, don*** údarás inniúil ***náisiúnta a iarrfaidh sin de bhun réasúnaithe***, an fhaisnéis agus ***na doiciméid*** ar fad is gá chun ***comhréireacht*** an ghlantaigh nó an dromchlaghníomhaí leis an Rialachán seo a ***léiriú***, agus sin i dteanga ***arb éasca don*** údarás ***í*** a thuiscint. Oibreoidh siad i gcomhar leis an údarás sin, arna iarraidh sin dó, maidir le haon ghníomhaíocht a dhéanfar chun deireadh a chur leis na rioscaí a bhaineann le glantach nó le dromchlaghníomhaí atá curtha ar an margadh acu. | 10. ***Déanfaidh*** allmhaireoirí, ar ***iarraidh réasúnaithe ó*** údarás ***náisiúnta*** inniúil, an fhaisnéis agus ***an doiciméadacht*** ar fad is gá chun ***léiriú a thabhairt ar chomhréireacht*** an ghlantaigh nó an dromchlaghníomhaí leis an Rialachán seo a ***chur ar fáil don údarás sin***, ***i bhfoirm leictreonach*** agus***, arna iarraidh*** sin***,*** i ***bhfoirm páipéir, i*** dteanga ***is féidir leis an*** údarás ***sin*** a thuiscint ***gan stró***. ***Soláthrófar an fhaisnéis agus an doiciméadacht ábhartha laistigh de 20 lá oibre ón iarraidh a fháil.*** Oibreoidh siad i gcomhar leis an údarás sin, arna iarraidh sin dó, maidir le haon ghníomhaíocht a dhéanfar chun deireadh a chur leis na rioscaí a bhaineann le glantach nó le dromchlaghníomhaí atá curtha ar an margadh acu. |

**Leasú 75**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 10 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***10a. Fíoróidh allmhaireoirí an bhfuil na bealaí cumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 7(8a) ar fáil go poiblí do thomhaltóirí, rud a ligfidh do thomhaltóirí gearáin agus ábhair imní a chur isteach maidir le neamhchomhréireacht fhéideartha táirgí. I gcás nach bhfuil bealaí den sórt sin ar fáil, déanfaidh na hallmhaireoirí foráil de bhealaí den sórt sin, agus riachtanais inrochtaineachta do dhaoine faoi mhíchumas á gcur san áireamh.*** |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) go bhfuil an mharcáil chomhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 14 ar an nglantach;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 77**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Dáileoirí a mheasann, nó a bhfuil cúis acu a chreidiúint, nach bhfuil glantach nó dromchlaghníomhaí atá curtha ar fáil ar an margadh acu i gcomhréir leis an Rialachán seo, áiritheoidh siad go ndéanfar na ***bearta*** ceartaitheacha is gá chun an glantach nó an dromchlaghníomhaí sin a thabhairt chun comhréireachta, a tharraingt siar nó a aisghairm, de réir mar is iomchuí. Thairis sin, i gcás ina measann dáileoirí, nó ina bhfuil cúis acu a chreidiúint, go bhfuil riosca don tsláinte nó don chomhshaol ag baint le glantach nó le dromchlaghníomhaí atá curtha ar an margadh acu, cuirfidh siad údaráis náisiúnta inniúla na mBallstát inar chuir siad an glantach nó an dromchlaghníomhaí ar fáil ar an margadh ar an eolas láithreach ina thaobh sin, agus tabharfaidh siad mionsonraí, go háirithe, faoi aon neamhchomhlíonadh agus faoi aon ***bheart*** ceartaitheach a rinneadh. | 5. Dáileoirí a mheasann, nó a bhfuil cúis acu a chreidiúint, nach bhfuil glantach nó dromchlaghníomhaí atá curtha ar fáil ar an margadh acu i gcomhréir leis an Rialachán seo, áiritheoidh siad go ***gcuirfidh an monaróir nó an t-allmhaireoir, de réir mar is infheidhme, agus na húdaráis inniúla a chur ar an eolas láithreach agus oibriú i gcomhar leo, agus áiritheoidh siad go*** ndéanfar na ***gníomhaíochtaí*** ceartaitheacha is gá**,** chun an glantach nó an dromchlaghníomhaí sin a thabhairt chun comhréireachta, a tharraingt siar nó a aisghairm, de réir mar is iomchuí. Thairis sin, i gcás ina measann dáileoirí, nó ina bhfuil cúis acu a chreidiúint, go bhfuil riosca don tsláinte nó don chomhshaol ag baint le glantach nó le dromchlaghníomhaí atá curtha ar an margadh acu, cuirfidh siad údaráis náisiúnta inniúla na mBallstát inar chuir siad an glantach nó an dromchlaghníomhaí ar fáil ar an margadh ar an eolas láithreach ina thaobh sin, agus tabharfaidh siad mionsonraí, go háirithe, faoi aon neamhchomhlíonadh agus faoi aon ***ghníomhaíocht*** ceartaitheach a rinneadh. |

**Leasú 78**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. ***De bhun*** iarraidh réasúnaithe ó údarás inniúil ***náisiúnta***, cuirfidh dáileoirí ar fáil don údarás sin***, ar pháipéar nó i bhfoirm leictreonach, an fhaisnéis agus na doiciméid ar fad is gá*** chun comhréireacht an ghlantaigh nó an dromchlaghníomhaí leis an Rialachán seo a léiriú. Oibreoidh siad i gcomhar leis an údarás sin, arna iarraidh sin dó, maidir le haon ghníomhaíocht a dhéanfar chun deireadh a chur leis na rioscaí a bhaineann le glantaigh agus dromchlaghníomhaithe atá curtha ar fáil ar an margadh acu. | 6. ***Mar thoradh ar*** iarraidh réasúnaithe ó údarás ***náisiúnta*** inniúil, cuirfidh dáileoirí ***an fhaisnéis agus an doiciméadacht*** ar ***fad is gá, i bhformáid leictreonach agus, arna iarraidh sin, i bhformáid pháipéir, ar*** fáil don údarás sin chun comhréireacht an ghlantaigh nó an dromchlaghníomhaí leis an Rialachán seo a léiriú. ***Soláthrófar an fhaisnéis agus an doiciméadacht ábhartha laistigh de 20 lá oibre ón iarraidh a fháil.*** Oibreoidh siad i gcomhar leis an údarás sin, arna iarraidh sin dó, maidir le haon ghníomhaíocht a dhéanfar chun deireadh a chur leis na rioscaí a bhaineann le glantaigh agus dromchlaghníomhaithe atá curtha ar fáil ar an margadh acu. |

**Leasú 79**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) a áirithiú go mbeidh ar an ***bpacáistiú*** na focail 'arna phacáistiú ag' nó 'arna athphacáistiú ag' roimh ***a n-ainm, a dtrádainm cláraithe nó a dtrádmharc cláraithe mar aon lena seoladh***; | (a) a áirithiú go mbeidh ar an ***bpacáiste a ainm, a thrádainm cláraithe nó a thrádmharc cláraithe, a sheoladh poist agus a sheoladh ríomhphoist agus a uimhir theileafóin ag ar féidir dul i dteagmháil leo agus*** na focail 'arna phacáistiú ag' nó 'arna athphacáistiú ag' roimh; |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Airteagal 14*** | ***scriosta*** |
| ***Rialacha agus coinníollacha maidir leis an marcáil chomhréireachta a ghreamú*** | |
| ***1. Beidh an mharcáil chomhréireachta faoi réir na bprionsabal ginearálta a leagtar amach in Airteagal 30 de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008.*** | |
| ***2. Déanfar an mharcáil chomhréireachta a ghreamú go feiceálach, go soléite agus go doscriosta sula gcuirfear glantach ar an margadh.*** | |
| ***Greamófar an mharcáil chomhréireachta den lipéad nó den phacáistiú glantaigh nó, i gcás ina soláthraítear an glantach ar an mórchóir, den doiciméad a ghabhann leis an nglantach.*** | |
| ***I gcás, i gcomhréir le hAirteagal 16(2), nach bhféadfaidh oibreoirí eacnamaíocha ach lipéad digiteach a sholáthar, cuirfear an an mharcáil chomhréireachta ar fáil ar an lipéad digiteach.*** | |
| ***3. Cuirfidh na Ballstáit le sásraí reatha chun a áirithiú go bhfeidhmeofar an réimeas lena rialaítear an mharcáil chomhréireachta i gceart agus déanfaidh siad gníomhaíocht iomchuí i gcás ina mbainfear úsáid mhíchuí as an marcáil sin.*** | |

**Leasú 81**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Oibreoir eacnamaíoch a chuireann glantach ar fáil ar an margadh go díreach d'úsáideoir deiridh i bhformáid athlíonta, cuirfidh sé an lipéad fisiceach ***nó*** an t- | 2. Oibreoir eacnamaíoch a chuireann glantach ar fáil ar an margadh go díreach d'úsáideoir deiridh i bhformáid athlíonta, cuirfidh sé an lipéad fisiceach ***agus*** an t- |

| | |
|---|---|
| iompróir sonraí ar fáil trína bhfuil an lipéad digiteach inrochtana don úsáideoir deiridh. | iompróir sonraí ar fáil trína bhfuil an lipéad digiteach inrochtana don úsáideoir deiridh. |

**Leasú 82**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 3 – fomhír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) uimhir chineáil, baiscuimhir nó eilimint eile lenar féidir iad a shainaithint; | (a) uimhir chineáil, ***uimhir mhúnla,*** baiscuimhir nó eilimint eile lenar féidir iad a shainaithint; |

**Leasú 83**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 3 – fomhír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ainm, trádainm cláraithe nó trádmharc cláraithe an mhonaróra agus an seoladh poist agus ***ríomhphoist ag lenar*** féidir dul i dteagmháil leo. Tabharfar pointe aonair ar féidir dul i dteagmháil leis an monaróir ann le fios leis an seoladh poist; | (b) ainm ***an mhonaróra agus***, ***i gcás inarb ábhartha, ionadaí údaraithe an mhonaróra,*** trádainm cláraithe nó trádmharc cláraithe an mhonaróra**,** agus an seoladh poist agus ***ríomhphost agus uimhir theileafóin ag ar*** féidir dul i dteagmháil leo. Tabharfar pointe aonair ar féidir dul i dteagmháil leis an monaróir ann le fios leis an seoladh poist; |

**Leasú 84**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Beidh an fhaisnéis dá dtagraítear i ***mír 3*** agus i ***mír 4*** i dteanga ***ar*** féidir le húsáideoirí deiridh a thuiscint ***gan stró***, arna cinneadh ag an mBallstát lena mbaineann, agus beidh sí soiléir, intuigthe agus ***intuisceana***. Beidh an lipéad inrochtana chun críocha cigireachta i gcás ina gcuirtear an glantach nó an | 5. Beidh an fhaisnéis dá dtagraítear i ***mír 3*** agus i ***mír 4*** i dteanga ***is*** féidir le húsáideoirí deiridh a thuiscint ***go héasca***, ***teanga*** arna cinneadh ag an mBallstát lena mbaineann, agus beidh sí soiléir, intuigthe agus ***intuigthe agus comhlíonfaidh sí na ceanglais a leagtar amach i Roinn 1.2.1.4 agus i Roinn 1.2.1.5 de Chuid 1*** |

dromchlaghníomhaí ar fáil ar an margadh.

***d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh*. *1272/2008.*** Beidh an lipéad inrochtana chun críocha cigireachta i gcás ina gcuirtear an glantach nó an dromchlaghníomhaí ar fáil ar an margadh.

**Leasú 85**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5a. Gan dochar do Threoir.../... [Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite agus iad a chur in iúl (Treoir maidir le Maímh Ghlasa)COM/2023/166 final], ní fhéadfar tagairt a dhéanamh i lipéad glantaigh ná i lipéad dromchlaghníomhaí don mhaíomh nach bhfuil aon tástáil ar ainmhithe déanta ach amháin más rud é nach bhfuil aon tástáil ar ainmhithe curtha i gcrích ná coimisiúnaithe ag an monaróir ná a sholáthraithe, i gcás inar féidir leis an monaróir an fhaisnéis sin a shainaithint leis na hiarrachtaí réasúnacha go léir, i dtaca leis an nglantach nó an dromchlaghníomhaí críochnaithe, nó i dtaca lena bhfréamhshamhail, nó aon chomhábhar atá iontu, nó go mbaintear úsáid as aon chomhábhar a bhfuil tástáil ar ainmhithe déanta ina leith ag daoine eile chun glantaigh agus dromchlaghníomhaithe nua a fhorbairt. Ní fhéadfar an lipéad a thuairisciú go bhfuil an glantach ná an dromchlaghníomhaí 'veigeán' nó 'saor ó ainmhithe' ach amháin mura bhfuil aon chomhábhar nó seachtháirge ainmhithe a dhíorthaítear ó ainmhithe úsáidte i dtáirgeadh agus i bhforbairt an ghlantaigh nó an dromchlaghníomhaí.*** |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 1 – fomhír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ar lipéad fisiceach; | (a) ar lipéad fisiceach ***nó***; |

**Leasú 87**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***De mhaolú ar phointe (b) den chéad fhomhír, ní gá na heilimintí lipéadaithe a leagtar amach*** i ***gCuid C d'Iarscríbhinn V a dhúbailt ar an lipéad fisiceach. Ina theannta sin, i*** gcás ina soláthrófar an fhaisnéis dáileoige do ghlantaigh níocháin tomhaltóra i gcomhréir le pointí 1 agus 2 de chuid B d'Iarscríbhinn V ar an lipéad digiteach, féadfar greille shimplithe dáileoige mar a leagtar amach i gcuid D d'Iarscríbhinn V a sholáthar ar an lipéad fisiceach. | I gcás ina soláthrófar an fhaisnéis dáileoige do ghlantaigh níocháin tomhaltóra i gcomhréir le pointí 1 agus 2 de chuid B d'Iarscríbhinn V ar an lipéad digiteach, féadfar greille shimplithe dáileoige mar a leagtar amach i gcuid D d'Iarscríbhinn V a sholáthar ar an lipéad fisiceach. |

**Leasú 88**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***De mhaolú ar mhír 1,*** i gcás ina gcuirfear glantaigh ar fáil ar an margadh go díreach d'úsáideoir deiridh i bhformáid athlíonta, ***ní fhéadfar*** na heilimintí lipéid a leagtar amach in ***Airteagal 15***(3) agus (4) a ***chur ar fáil ach amháin ar lipéad digiteach, cé is moite d'fhaisnéis dáileoige do ghlantaigh níocháin tomhaltóra mar a leagtar amach i bpointe 1 agus i bpointe 2 de chuid B d'Iarscríbhinn V, ar gá iad a sholáthar ar lipéad fisiceach freisin***. | 2. I gcás ina gcuirfear glantaigh ar fáil ar an margadh go díreach d'úsáideoir deiridh i bhformáid athlíonta, ***áiritheoidh an t-oibreoir go ndéanfar*** na heilimintí lipéid a leagtar amach in ***Airteagal 15***(***2), (***3) agus (4) a ***ghreamú den phacáistíocht***. |

**Leasú 89**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) beidh an fhaisnéis ar an lipéad digiteach inchuardaithe; | (b) beidh an fhaisnéis ar an lipéad digiteach inchuardaithe ***gan stró***; |

**Leasú 90**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) ***beidh*** an fhaisnéis ar an lipéad digiteach ***curtha*** i láthair ***ar bhealach*** lena dtabharfar aghaidh ar riachtanais grúpaí leochaileacha agus lena ***dtacófar***, de réir mar is ábhartha, leis na hoiriúnuithe is gá chun rochtain ar an bhfaisnéis ag na grúpaí sin a éascú; | (e) ***cuirfear*** an fhaisnéis ar an lipéad digiteach i láthair ***i dteanga agus i bhformáid*** lena dtabharfar aghaidh ar riachtanais grúpaí leochaileacha***, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas,*** agus lena ***dtacaítear***, de réir mar is ábhartha, leis na hoiriúnuithe is gá chun rochtain ar an bhfaisnéis ag na grúpaí sin a éascú; |

**Leasú 91**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1 – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) beidh an fhaisnéis ar an lipéad digiteach inrochtana tríd an iompróir sonraí. | (i) beidh an fhaisnéis ar an lipéad digiteach inrochtana ***go héasca*** tríd an iompróir sonraí. |

**Leasú 92**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 2 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh an t-iompróir sonraí i láthair go fisiceach ar an nglantach nó ar an dromchlaghníomhaí, ar a bpacáistiú nó ar | Beidh an t-iompróir sonraí i láthair go fisiceach***, go doscriosta, go feiceálach agus go soléite*** ar an nglantach nó ar an |

| | |
|---|---|
| an doiciméadacht a ghabhann leo. | dromchlaghníomhaí, ar a bpacáistiú nó ar an doiciméadacht a ghabhann leo***, ar bhealach inar féidir é a phróiseáil go huathoibríoch le gléasanna digiteacha***. |

**Leasú 93**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcás ina gcuirfidh oibreoirí eacnamaíocha lipéad digiteach ar fáil, beidh an ráiteas '***Tá*** faisnéis níos cuimsithí faoin táirge ***ar fáil ar líne***' ag gabháil leis an iompróir sonraí. | 3. I gcás ina gcuirfidh oibreoirí eacnamaíocha lipéad digiteach ar fáil, beidh an ráiteas '***Scanadh le haghaidh*** faisnéis níos cuimsithí faoin táirge' ***nó ráiteas atá den chineál céanna*** ag gabháil leis an iompróir sonraí . |

**Leasú 94**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Ní dhéanfaidh oibreoirí eacnamaíocha ***a sholáthraíonn lipéad digiteach*** aon fhaisnéis úsáide a rianú, a anailísiú ná a úsáid chun críoch eile seachas an méid a bhfuil fíorghá leis chun an fhaisnéis ar an lipéad digiteach a sholáthar ar líne. | 4. Ní dhéanfaidh oibreoirí eacnamaíocha aon fhaisnéis úsáide a rianú, a anailísiú ná a úsáid chun críoch eile seachas an méid a bhfuil fíorghá leis chun an fhaisnéis ar an lipéad digiteach a sholáthar ar líne. |

**Leasú 95**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 5 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Na hoibreoirí*** eacnamaíocha ***a sholáthraíonn lipéad digiteach, soláthróidh siad*** an fhaisnéis atá ***sa*** lipéad digiteach ar ***mhodhanna*** eile in aon cheann de na cásanna seo a leanas: | ***Soláthróidh oibreoirí*** eacnamaíocha an fhaisnéis atá ***ar an*** lipéad digiteach ar ***bhealaí*** eile ***agus saor*** in ***aisce in*** aon cheann de na cásanna seo a leanas: |

**Leasú 96**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Beidh feidhm ag an oibleagáid sin 18 mí ó theacht i bhfeidhm an ghnímh cur chun feidhme arna ghlacadh i gcomhréir le mír 9.*** |

**Leasú 97**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) comhfhreagróidh ***sí*** do bhaisc shonrach den ghlantach nó ***den dromchlaghníomhaí***; | (a) comhfhreagróidh ***sé*** do ***shamhail shonrach, a thabharfar cothrom le dáta nuair a dhéanfar athruithe ar liosta na gcomhábhar, nó i gcás inarb iomchuí, ar*** bhaisc shonrach den ghlantach nó ***de dhromchlaghníomhaí***; |

**Leasú 98**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) beidh sé cothrom le dáta; | (d) beidh sé cothrom le dáta***, cruinn agus iomlán***; |

**Leasú 99**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 2 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) beidh sé inrochtana d’úsáideoirí deiridh, d’údaráis um fhaireachas | (f) beidh sé inrochtana ***go héasca do chustaiméirí,*** d’úsáideoirí deiridh, ***do*** |

margaidh, d'údaráis chustaim, don Choimisiún ***agus*** d'oibreoirí eacnamaíocha eile;

***mhonaróirí,*** d'***allmhaireoirí, do dháileoirí, d'***údaráis ***náisiúnta inniúla, d'údaráis*** um fhaireachas margaidh, d'údaráis chustaim, don Choimisiún***,*** d'oibreoirí eacnamaíocha eile ***agus do gheallsealbhóirí ábhartha eile, amhail eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus taighdeoirí***;

**Leasú 100**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 2 – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| comhlíonfaidh sé na ceanglais shonracha agus theicniúla a leagtar síos de bhun ***mhír 8***. | ***(i)*** comhlíonfaidh sé na ceanglais shonracha agus theicniúla a leagtar síos de bhun ***mhír 9***. |

**Leasú 101**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 3 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh an t-iompróir sonraí ***i láthair*** go fisiceach ar an nglantach nó ar an dromchlaghníomhaí, ar a bpacáistiú nó ar an doiciméadacht a ghabhann leo, i gcomhréir leis an ngníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i ***mír 8***. | Beidh an t-iompróir sonraí go fisiceach ar an nglantach nó ar an dromchlaghníomhaí, ar a bpacáistiú nó ar an doiciméadacht a ghabhann leo, i gcomhréir leis an ngníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i ***mír 9***. |

**Leasú 102**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 3 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh an t-iompróir sonraí ***le feiceáil*** go soiléir ***ag an*** úsáideoir deiridh roimh aon ***cheannachán*** agus ***ag*** údaráis ***um fhaireachas*** margaidh, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, i gcásanna ina | Beidh an t-iompróir sonraí ***infheicthe*** go soiléir ***don*** úsáideoir deiridh roimh aon ***cheannach*** agus ***d'***údaráis ***faireachais*** margaidh, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, i gcásanna ina gcuirtear an |

| | |
|---|---|
| gcuirtear an glantach nó an dromchlaghníomhaí ar fáil trí ***chiandíol***. | glantach nó an dromchlaghníomhaí ar fáil trí ***chiandíolacháin ar phríomhleathanach leathanach an táirge ar líne***. |

**Leasú 103**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 9 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme lena gcinnfear na ceanglais shonracha agus theicniúla a bhaineann leis an bpas táirge le haghaidh ***glantach*** agus dromchlaghníomhaithe. Leagfar amach an méid seo a leanas ar a laghad leis na ceanglais sin: | ***Faoin ... [12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo],*** glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme lena gcinnfear na ceanglais shonracha agus theicniúla a bhaineann leis an bpas táirge le haghaidh ***glantaigh*** agus dromchlaghníomhaithe. Leagfar amach an méid seo a leanas ar a laghad leis na ceanglais sin: |

**Leasú 104**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) beidh an fhaisnéis ***uile*** a bheidh sa phas táirge bunaithe ar chaighdeáin oscailte ***arna bhforbairt le formáid*** idir-inoibritheach agus beidh sí inléite ag meaisín, struchtúrtha agus ***inchuardaithe***; | (b) beidh an fhaisnéis ***go léir*** a bheidh sa phas táirge bunaithe ar chaighdeáin oscailte ***a fhorbrófar i bhformáid*** idir-inoibritheach agus beidh sí***, i gcás inarb iomchuí,*** inléite ag meaisín, struchtúrtha***, inchuardaithe*** agus ***inaistrithe trí líonra malartaithe sonraí idir-inoibritheach oscailte gan gaibhniú díoltóirí***; |

**Leasú 105**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 –mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) déanfar pasanna táirgí a dhearadh agus a oibriú ar bhealach atá*** |

| | |
|---|---|
| | ***soláimhsithe don úsáideoir;*** |

**Leasú 106**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) beidh rochtain ***saor in aisce*** ag úsáideoirí deiridh, oibreoirí eacnamaíocha agus gníomhaithe ábhartha eile ar an bpas táirge; | (c) beidh rochtain ***éasca*** ag úsáideoirí deiridh, oibreoirí eacnamaíocha agus gníomhaithe ábhartha eile ar an bpas táirge ***saor in aisce agus gan rochtain a shrianadh d'úsáideoirí atá ann cheana***; |

**Leasú 107**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) is é an t-oibreoir eacnamaíoch atá freagrach as an bpas táirge a chruthú, nó oibreoirí atá údaraithe chun gníomhú thar a cheann, a stórálfaidh na sonraí a chuimsítear sa phas táirge***;*** | (d) Is é an t-oibreoir eacnamaíoch atá freagrach as an bpas táirge a chruthú, nó oibreoirí atá údaraithe chun gníomhú thar a cheann, a stórálfaidh na sonraí a chuimsítear sa phas táirge ***agus a thabharfaidh iad cothrom le dáta.*** |

**Leasú 108**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás ina bhfuil cúis leordhóthanach ag na húdaráis um fhaireachas margaidh i mBallstát amháin lena chreidiúint go bhfuil riosca don tsláinte nó don chomhshaol ag baint le glantach nó le dromchlaghníomhaí, déanfaidh siad meastóireacht i ndáil leis an nglantach nó leis an dromchlaghníomhaí lena mbaineann ina gcumhdófar gach ceanglas ábhartha a leagtar síos sa Rialachán seo. Comhoibreoidh na | 1. I gcás ina bhfuil cúis leordhóthanach ag na húdaráis um fhaireachas margaidh i mBallstát amháin lena chreidiúint go bhfuil riosca don tsláinte***, don tsábháilteacht*** nó don chomhshaol ag baint le glantach nó le dromchlaghníomhaí, déanfaidh siad meastóireacht i ndáil leis an nglantach nó leis an dromchlaghníomhaí lena mbaineann ina gcumhdófar gach ceanglas ábhartha a leagtar síos sa Rialachán seo. |

hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha de réir mar is gá leis na húdaráis um fhaireachas margaidh chun na críche sin.

Comhoibreoidh na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha de réir mar is gá leis na húdaráis um fhaireachas margaidh chun na críche sin.

**Leasú 109**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Más rud é, le linn na rialuithe dá dtagraítear i míreanna 1 ***nó 2***, go gcinnfidh na húdaráis um fhaireachas margaidh, nach gcomhlíonann an glantach nó an dromchlaghníomhaí na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo, ceanglóidh siad gan mhoill ar na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha gach gníomhaíocht cheartaitheach iomchuí a dhéanamh chun an glantach nó an dromchlaghníomhaí a thabhairt chun comhréireachta leis na ceanglais sin, iad a tharraingt siar ón margadh, nó iad a aisghairm laistigh de thréimhse réasúnta, tréimhse a bheidh i gcomhréir leis an gcineál riosca dá dtagraítear i mír 1. | 3. Más rud é, le linn na rialuithe dá dtagraítear i míreanna 1 ***nó 2***, go gcinnfidh na húdaráis um fhaireachas margaidh, nach gcomhlíonann an glantach nó an dromchlaghníomhaí na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo, ceanglóidh siad gan mhoill ar na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha gach gníomhaíocht cheartaitheach iomchuí a dhéanamh chun an glantach nó an dromchlaghníomhaí a thabhairt chun comhréireachta leis na ceanglais sin, iad a tharraingt siar ón margadh, nó iad a aisghairm laistigh de thréimhse réasúnta, tréimhse a ***leagfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh síos agus a*** bheidh i gcomhréir leis an gcineál riosca dá dtagraítear i mír 1. |

**Leasú 110**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Más rud é, tar éis meastóireacht a bheith déanta faoi Airteagal 22(1), go gcinneann údarás um fhaireachas margaidh cé go bhfuil glantach nó dromchlaghníomhaí i gcomhréir leis an Rialachán seo, go mbaineann riosca leis don tsláinte nó don chomhshaol, ceanglóidh sé ar an oibreoir eacnamaíoch ábhartha gach beart iomchuí a dhéanamh lena áirithiú nach mbainfidh an riosca sin níos mó leis an nglantach nó leis an | 1. Más rud é, tar éis meastóireacht a bheith déanta faoi Airteagal 22(1), go gcinneann údarás um fhaireachas margaidh cé go bhfuil glantach nó dromchlaghníomhaí i gcomhréir leis an Rialachán seo, go mbaineann riosca leis don tsláinte nó don chomhshaol, ceanglóidh sé ar an oibreoir eacnamaíoch ábhartha gach beart iomchuí a dhéanamh lena áirithiú nach mbainfidh an riosca sin níos mó leis an nglantach nó leis an |

| | |
|---|---|
| dromchlaghníomhaí lena mbaineann, nuair a chuirtear ar an margadh iad, chun an glantach nó an dromchlaghníomhaí a tharraingt siar ón margadh nó iad a aisghairm laistigh de thréimhse réasúnta, ***atá*** i gcomhréir le cineál an riosca sin. | dromchlaghníomhaí lena mbaineann, nuair a chuirtear ar an margadh iad, chun an glantach nó an dromchlaghníomhaí a tharraingt siar ón margadh nó iad a aisghairm laistigh de thréimhse réasúnta, ***tréimhse a leagfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh síos agus a bheidh*** i gcomhréir le cineál an riosca sin. |

**Leasú 111**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 4 – fomhír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Ar mhórfhorais phráinne a bhfuil údar cuí leo a bhaineann leis an tsláinte nó an comhshaol a chosaint, déanfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 28 (2a), agus áiritheoidh sé go mbeidh gníomh cur chun feidhme den sórt sin infheidhme láithreach.*** |

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(a) greamaíodh an mharcáil chomhréireachta de shárú ar Airteagal 14 nó níor greamaíodh é in aon chor;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 113**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 1 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) ní chomhlíontar aon oibleagáid riaracháin eile dá bhforáiltear sa Rialachán seo.*** |

**Leasú 114**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 27**,** lena leasaítear Iarscríbhinn VI, a mhéid a bhaineann leis an bhfaisnéis a sholáthrófar ar an bpas táirge, chun críocha é a chur in oiriúint do ***dhul*** chun cinn teicniúil agus eolaíoch agus do leibhéal ullmhachta digití na n-údarás um fhaireachas margaidh agus na n-úsáideoirí deiridh. | 1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 27 lena leasaítear Iarscríbhinn VI, a mhéid a bhaineann leis an bhfaisnéis a sholáthrófar ar an bpas táirge, chun críocha é a chur in oiriúint do ***dul*** chun cinn teicniúil agus eolaíoch agus do leibhéal ullmhachta digití na n-údarás um fhaireachas margaidh agus na n-úsáideoirí deiridh***, agus dlí infheidhme an Aontais maidir le faisnéis ghnó neamhnochta a chosaint agus rochtain phoiblí ar fhaisnéis ar an gcomhshaol á chur san áireamh***. |

**Leasú 115**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6a. I gcás ina ndéantar foráil i Rialachán (CE) 440/2008[1a] ón gCoimisiún maidir le cineálacha cur chuige neamhainmhithe chun airíonna íograithe riospráide na miocrorgánach a thástáil, déanfaidh an Coimisiún, gan moill mhíchuí, gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 27 chun Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú trí na ceanglais maidir le glantaigh ina bhfuil miocrorgánaigh a chur ar an margadh i*** |

***bhformáid sprae a chinneadh.***

---

***[1a] Rialachán (CE) Uimh. 440/2008 ón gCoimisiún an 30 Bealtaine 2008 lena leagtar síos modhanna tástála de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) (IO L 142, 31.5.2008, lch. 1).***

**Leasú 116**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 6 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6b. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 27 chun Iarscríbhinn II a leasú trí na caighdeáin is infheidhme maidir le háireamh na miocrorgánach a thabhairt cothrom le dáta chun dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil a chur san áireamh.*** |

**Leasú 117**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011[1a], i gcomhar le hAirteagal 5 den Rialachán*** |

***sin.***

---

[1a] ***Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13)***

**Leasú 118**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na bearta sin agus faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh ***gan mhoill***. | Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. ***D'fhéadfaí a áireamh leo, i gcás inarb iomchuí, pionóis airgeadais atá comhréireach le láimhdeachas an duine dhlítheanaigh a rinne an sárú, agus sainiúlachtaí na bhfiontar beag agus meánmhéide á gcur san áireamh.*** Tabharfaidh na Ballstáit***, gan mhoill,*** fógra don Choimisiún faoi na bearta sin agus faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh. |

**Leasú 119**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar aird chuí ar na nithe seo a leanas sna pionóis a bhunófar de bhun an Airteagail*** |

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***seo, i gcás inarb infheidhme:*** |
| | ***(a) cineál, tromchúis agus méid an tsáraithe;*** |
| | ***(B) cineál an tsáraithe a bheith déanta d'aon ghnó nó le faillí;*** |
| | ***(c) an damáiste do shláinte an duine nó don chomhshaol arb é an sárú is cúis leis, a mhéid is féidir é a chinneadh;*** |
| | ***(d) an leibhéal comhair idir an duine nádúrtha nó dlítheanach a gcuirtear an fhreagracht air agus an t-údarás inniúil.*** |

**Leasú 120**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 5 bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo], cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo. ***Beidh*** measúnú sa tuarascáil ***faoin gcaoi a bhfuil ag éirí leis an Rialachán*** seo a ***chuspóirí a bhaint amach, lena n-áirítear measúnú maidir leis an tionchar atá aige ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide.*** | Faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 5 bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo], cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo. ***Áireofar*** measúnú sa tuarascáil ***ar an méid*** seo a ***leanas:*** |
| | ***(a) conas atá an Rialachán seo ag baint a chuspóirí amach, lena n-áirítear measúnú maidir leis an tionchar atá aige ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide;*** |
| | ***(b) an riosca go nginfear frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha a bhaineann le húsáid glantach nó dromchlaghníomhaithe a bhfuil airíonna bithicíde acu;*** |
| | ***(c) tarlú na n-éileamh margaíochta gan bhunús, fógráin agus dearaí pacáistithe a chuireann tomhaltóirí amú nó a d'fhéadfadh tomhaltóirí a chur amú trí thuiscint a thabhairt ar ghlantaigh nó ar dhromchlaghníomhaithe atá níos*** |

***sláintiúla nó níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol;***

***(d) ceanglais maidir le lipéadú fisiceach agus digiteach ar ghlantaigh, agus sábháilteacht na n-úsáideoirí deiridh agus an chomhshaoil agus leibhéal na hullmhachta digití i measc grúpaí uile an daonra san Aontas á gcur san áireamh.***

***(e) indéantacht agus na costais agus na tairbhí comhshaoil agus socheacnamaíocha a bhaineann le deireadh a chur de réir a chéile le fosfar i nglantaigh tomhaltóra agus le laghdú agus, i gcás inar féidir, deireadh a chur de réir a chéile le fosfar i nglantaigh le haghaidh úsáid thionsclaíoch agus institiúideach i gcomhréir leis na gealltanais faoi Phlean Gníomhaíochta Mhuir Bhailt;***

***(f) na costais agus na tairbhí comhshaoil, sláinte agus socheacnamaíocha a bhaineann leis an gcur chuige cineálach maidir le bainistiú riosca a leathnú chuig glantaigh agus dromchlaghníomhaithe agus deireadh a chur de réir a chéile le substaintí ar údar imní iad, lena n-áirítear iad siúd is cúis le hailsí, sócháin géine, a mbíonn tionchar acu ar an gcóras atáirgthe nó ar an gcóras inchríneach, tá siad marthanach agus bithcharnach, bíonn tionchar acu ar na córais imdhíonachta, néareolaíocha nó riospráide nó tá siad tocsaineach d’orgán ar leith, agus éifeachtaí comhcheangailte á gcur san áireamh, chun timpeallacht neamhthocsaineach a bhaint amach.***

***I gcás inarb iomchuí, beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil.***

**Leasú 121**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 32 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach | Faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach |

| | |
|---|---|
| an dáta = 3 bliana ***tar éis*** dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún measúnú ar éifeachtacht agus ***ar*** ábharthacht cheanglais an Rialacháin seo maidir le glantaigh ina bhfuil miocrorgánaigh chomh maith leis an bhféidearthacht miocrorgánaigh nua nó tréithchineálacha miocrorgánach a cheadaítear i nglantaigh a áireamh in ***Iarscríbhinn II***. | an dáta = 3 bliana ***ó*** dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún measúnú ar éifeachtacht agus ábharthacht cheanglais an Rialacháin seo maidir le glantaigh ina bhfuil miocrorgánaigh***, go háirithe an liosta de mhiocrorgánaigh phataigineacha dá bhforáiltear i bpointe 2 d'Iarscríbhinn II agus éifeachtaí na miocrorgánach a chuirtear le glantaigh d'aon ghnó ar phróisis chóireála fuíolluisce uirbigh,*** chomh maith leis an bhféidearthacht miocrorgánaigh nua nó tréithchineálacha ***nua*** miocrorgánach a cheadaítear i nglantaigh a áireamh in ***Iarscríbhinn II***. |

**Leasú 122**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 32 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Faoin ... [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 3 bliana ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar liosta na miocrorgánach pataigineach dá bhforáiltear i bpointe 2 d'Iarscríbhinn II agus, i gcás inar gá, déanfaidh sé gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 27 chun Iarscríbhinn II a leasú chun dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil a chur san áireamh.*** |

**Leasú 123**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 32 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 32a*** |
| | ***Athbhreithniú ar ábhar i mbunábhar in-athnuaite*** |

***Faoin ... [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta – 3 bliana ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo], cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina ndéanfar measúnú ar an ngá atá le spriocanna éigeantacha a thabhairt isteach d'amhábhair in-athnuaite agus d'ábhar athchúrsáilte i nglantaigh agus i ngníomhaithe dromchlacha, ar a indéanta atá sé, ar na hiarmhairtí teicniúla agus ar na tairbhí don tsláinte agus don chomhshaol. Sa tuarascáil sin, déanfaidh an Coimisiún tionchair shocheacnamaíocha, iomaíochas oibreoirí eacnamaíocha san Aontas, an foinsiú inbhuanaithe, an poitéinseal téimh dhomhanda, an acmhainneacht atá ann dramhaíl bia a úsáid i nglantaigh, an t-athrú a d'fhéadfadh teacht ar úsáid sin na talún a bhaineann le bunábhair mhalartacha agus leis an tslándáil bia san Aontas a chur san áireamh go háirithe. I gcás inarb iomchuí, beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil.***

**Leasú 124**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – pointe 1 – fomhír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) beidh ***uimhir ATCC (American Type Culture Collection) ag gabháil leo, beidh*** siad faoi úinéireacht an Údaráis Taisclainne Idirnáisiúnta ***[International Depodnsitory Authority]*** (IDA) nó sainaithníodh a DNA i gcomhréir le 'Prótacal sainaitheanta tréithchineáil' (trí sheicheamhú DNA ***ribeasómach 16S*** nó modh coibhéiseach a úsáid); | (a) beidh siad faoi úinéireacht an Údaráis Taisclainne Idirnáisiúnta (IDA) nó sainaithníodh a DNA i gcomhréir le 'Prótacal sainaitheanta tréithchineáil' (trí sheicheamhú DNA ***ribeasómach 16S*** nó modh coibhéiseach a úsáid); |

**Leasú 125**
**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn II – pointe 2 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(ea) Pseudomonas aeruginosa, modh tástála ISO 22717:2015;*** |

**Leasú 126**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – pointe 2 – pointe e b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(eb) Candida albicans, modh tástála ISO 18416:2015;*** |

**Leasú 127**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – pointe 2 – pointe e c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(ec) aon mhiocrorgánaigh eile a liostaítear in Iarscríbhinn 1, Tábla 4 de Rialachán (AE) 2020/741[1a].*** |
| | ***[1a] Rialachán (AE) 2020/741 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 2020 maidir le híoscheanglais le haghaidh athúsáid uisce (IO L 177, 5.6.2020, lch. 32).*** |

**Leasú 128**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – pointe 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 5. Le linn iad a chur ar an margadh, | 5. Le linn iad a chur ar an margadh, |

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| beidh áireamh coilíneachtaí caighdeánach ag glantaigh ina bhfuil miocrorgánaigh a bheidh cothrom le nó níos mó ná $1x10^5$ aonad déanta coilíneachta (CFUanna) in aghaidh an ml i gcomhréir le ISO 4833-1:2014. | beidh áireamh coilíneachtaí caighdeánach ag glantaigh ina bhfuil miocrorgánaigh a bheidh cothrom le nó níos mó ná $1x10^5$ aonad déanta coilíneachta (CFUanna) in aghaidh an ml i gcomhréir le ***ISO 21149 nó*** ISO 4833-1:2014. |

**Leasú 129**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – pointe 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Ní bheidh seilfré íosta glantaigh ina bhfuil miocrorgánaigh níos ísle ***ná 24 mhí*** agus ní laghdófar an t-áireamh miocróbach de níos mó ***ná 10 % gach 12 mhí*** i gcomhréir le ***ISO 4833-1***:2014. | 6. Ní bheidh seilfré íosta glantaigh ina bhfuil miocrorgánaigh níos ísle ***ná 24 mhí*** agus ní laghdófar an t-áireamh miocróbach de níos mó ***ná 10 % gach 12 mhí*** i gcomhréir le ***ISO 21149 nó ISO 4833-1***:2014. |

**Leasú 130**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – pointe 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Miocrorgánaigh ***i nglantaigh a chuirtear*** ar an margadh i bhformáid sprae***, éireoidh leo sa*** tástáil ***géarthocsaineachta ionanálaithe*** i gcomhréir le ***modh tástála B.2., mar a thuairiscítear i gCuid B den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 440/2008.*** | 7. ***Ceadófar glantaigh ina bhfuil*** miocrorgánaigh ***a chur*** ar an margadh i bhformáid sprae ***tar éis cur chuige iomchuí gan ainmhithe a bheith bunaithe chun*** tástáil ***a dhéanamh ar airíonna íograithe riospráide miocrorgánach*** i gcomhréir le ***hAirteagal 26(6a).*** |

**Leasú 131**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – pointe 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. ***Tabharfar tacaíocht do na héilimh uile arna ndéanamh ag*** an monaróir maidir le ***gníomhaíochtaí*** na | 9. ***Tabharfaidh*** an monaróir ***bunús le gach maíomh a rinneadh*** maidir le ***gníomhartha nó feidhmíocht*** na |

| | |
|---|---|
| miocrorgánach sa táirge ***trí thástáil*** tríú páirtí. | miocrorgánach ***atá*** sa táirge ***le tástálacha iomchuí. Déanfaidh*** tríú páirtí ***neamhspleách na tástálacha sin a fhíorú***. |

**Leasú 132**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – tábla**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | |
|---|---|
| Glantach | Teorainneacha |
| Glantaigh ***níocháin tomhaltóra*** | ***Ní chuirfear ar an margadh iad más ionann nó más mó a gcion fosfáite iomláin ná 0.5 gram i gcainníocht mholta an ghlantaigh a bheidh le húsáid i bpríomh-thimthriall an phróisis níocháin le haghaidh gnáthualaí meaisín níocháin mar a shainmhínítear i gCuid B d'Iarscríbhinn V le haghaidh uisce crua:***<br><br>***d'fhabraicí 'gnáthshalaithe' i gcás*** glantaigh ***tromshaothair,***<br><br>***d'fhabraicí 'beagshalaithe' i gcás glantaigh le haghaidh fabraicí fíneáilte.*** |
| ***Glantaigh miasniteoirí uathoibríocha tomhaltóra*** | ***Ní chuirfear ar an margadh iad más ionann nó más mó a gcion fosfair iomláin ná 0.3 gram sa dáileog chaighdeánach mar a shainmhínítear i gCuid B d'Iarscríbhinn V.*** |

| *Leasú* | |
|---|---|
| Glantach | Teorainneacha |
| Glantaigh níocháin ***tomhaltóra*** | ***1. Ní chuirfear ar an margadh iad más ionann a gcion fosfáite iomláin agus 0,5 gram, nó más mó é ná sin, i gcainníocht mholta an ghlantaigh a bheidh le húsáid i bpríomh-thimthriall an phróisis níocháin le haghaidh gnáthualaí meaisín níocháin mar a shainmhínítear i gCuid B d'Iarscríbhinn V le haghaidh uisce crua:***<br><br>***- d'fhabraicí 'gnáthshalaithe' i gcás*** glantaigh ***tromshaothair,***<br><br>***- d'fhabraicí 'beagshalaithe' i gcás*** |

| | |
|---|---|
| | ***glantaigh le haghaidh fabraicí fíneáilte.***<br><br>***2. Ní bheidh fosfáit iontu.***<br><br>***3. Ní chuirfear ar an margadh iad más rud é, faoin...[4 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] go bhfuil an cion iomlán fosfair cothrom le nó níos mó ná***<br><br>***- 0.1g d'fhabraicí 'beagshalaithe' i gcás glantaigh tromshaothair,***<br><br>***- 0.25g d'fhabraicí 'gnáthshalaithe' i gcás glantaigh tromshaothair,***<br><br>***- 0.045 g d'easbhainteoirí smáil a úsáidtear mar sa chóras*** níocháin***,***<br><br>***- 0.023 g d'easbhainteoirí smáil a úsáidtear mar réamhchóireáil,***<br><br>***i gcainníocht mholta an ghlantaigh a bheidh le húsáid i bpríomh-thimthriall an phróisis níocháin le haghaidh gnáthualaí meaisín níocháin mar a shainmhínítear i gCuid B d'Iarscríbhinn V*** |
| ***Glantaigh*** miasniteoirí ***uathoibríocha tomhaltóra*** | ***1. Ní chuirfear ar an margadh iad más ionann a gcion fosfair iomláin agus 0,3 gram, nó más mó é ná sin, sa dáileog chaighdeánach mar a shainmhínítear i gCuid B d'Iarscríbhinn V.***<br><br>***2. Ní bheidh fosfáit iontu.***<br><br>***3. Ní chuirfear ar an margadh iad más rud é, faoin .... [4 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] go bhfuil an cion iomlán fosfair cothrom le nó níos mó ná***<br><br>***- 0.2 g/níochán i nglantaigh*** miasniteoirí***,***<br><br>***- 0.03 g/níochán i lachtanna sruthlaithe.*** |
| ***Glantaigh miasníocháin láimhe tomhaltóra*** | ***Ní bheidh i gcion fosfáite ná cion fosfair eile ann faoin .... [4 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].*** |
| Glantóirí ***dromchla crua do thomhaltóirí*** | ***1. Ní bheidh fosfáit iontu.***<br><br>***2. Ní bheidh cion fosfair i nglantóirí uilefhóinteacha ná i nglantóirí fuinneoga uile faoin .... [4 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].***<br><br>***3. Ní chuirfear*** glantóirí ***cistine ná glantóirí*** |

| | |
|---|---|
| | ***sláintíochta ar an margadh má tá an cion iomlán fosfair cothrom le nó níos mó ná:***<br>***2 g/l den tuaslagán glantacháin faoin .... [4 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus***<br>***1 g/l den tuaslagán glantacháin faoin .... [7 mbliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].*** |
| ***Glantaigh níocháin thionsclaíocha agus institiúideacha*** | ***Ní chuirfear ar an margadh iad más rud é, faoin .... [4 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] go bhfuil an cion iomlán fosfair cothrom le nó níos mó ná***<br>***0.5 g/kg den níochán i gcás ithir éadrom;***<br>***1 g/kg den níochán i gcás ithir mheánach;***<br>***1.5 g/kg den níochán i gcás ithir throm.*** |
| ***Glantaigh*** miasniteoirí ***thionsclaíocha*** agus ***institiúideacha*** | ***Ní chuirfear ar an margadh iad más rud é, faoin .... [7 mbliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] go bhfuil an cion iomlán fosfair cothrom le nó níos mó ná***<br>***- do ghlantaigh*** miasniteoirí agus ***do chórais il-chomhpháirte:***<br>***-- 0.3g/l den tuaslagán níocháin i gcás uisce bog;***<br>***-- 0.4g/l den tuaslagán níocháin i gcás uisce meánach;***<br>***-- 0.75g/l den tuaslagán níocháin i gcás uisce crua.***<br>***- 1 g/l den tuaslagán níocháin i gcás réamh-mhaos;***<br>***- 0.02 g/l den tuaslagán níocháin i gcás lachtanna sruthlaithe.*** |

**Leasú 133**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – Cuid A – pointe 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) dromchlaghníomhaithe ***ainianacha***, | (c) dromchlaghníomhaithe, |

**Leasú 134**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – Cuid A – pointe 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(d) dromchlaghníomhaithe caitianacha,*** | ***scriosta*** |

**Leasú 135**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – Cuid A – pointe 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(e) dromchlaghníomhaithe amfaiteireacha,*** | ***scriosta*** |

**Leasú 136**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – Cuid A – pointe 1 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(f) dromchlaghníomhaithe neamh-ianacha,*** | ***scriosta*** |

**Leasú 137**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**IarscríbhinnV – Cuid A – pointe 3 – fomhír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***I gcás ina gcuirfear lipéad digiteach ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 16(1) den Rialachán seo, liostófar leasaithigh, tríd an gcóras dá dtagraítear in Airteagal 33 de Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 a úsáid, i gcás inar féidir, gan beann ar a dtiúchan.*** |

**Leasú 138**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – Cuid B – pointe 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) na cainníochtaí molta agus/nó na treoracha dáileogachta arna sloinneadh i millilítir nó i ngraim atá iomchuí do ghnáthualach meaisín níocháin, i leith na leibhéal cruais uisce ***cruas bog, meánach*** agus ***crua*** agus treoracha do phróisis níocháin d’aon timthriall amháin nó de dhá thimthriall, | (a) na cainníochtaí molta agus/nó na treoracha dáileogachta arna sloinneadh i millilítir nó i ngraim ***nó, i gcás inarb ábhartha, an líon aonad*** atá iomchuí do ghnáthualach meaisín níocháin, i leith na leibhéal cruais uisce ***bhoig, mheánaigh*** agus ***chrua*** agus treoracha do phróisis níocháin d’aon timthriall amháin nó de dhá thimthriall, |

**Leasú 139**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – Cuid B – pointe 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) déanfar toilleadh aon chupáin tomhais, más ann dó, a léiriú i millilítir nó i ngraim, agus beidh marcáil air chun an dáileog de ghlantach atá iomchuí do ghnáthualach meaisín níocháin a léiriú i leith na leibhéal cruais uisce ***cruas bog, meánach*** agus ***crua***, | (c) déanfar toilleadh aon chupáin tomhais, más ann dó, a léiriú i millilítir nó i ngraim, agus beidh marcáil ***infheicthe go soiléir*** air ***a bheidh codarsnacht shuntasach le dath an chupáin tomhais*** chun an dáileog de ghlantach atá iomchuí do ghnáthualach meaisín níocháin a léiriú i leith na leibhéal cruais uisce ***bhoig, mheánaigh*** agus ***chrua***, |

**Leasú 140**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – Cuid B – pointe 1 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) i gcás glantaigh a phacáiltear i mbuidéil, déanfar an dáileog de ghlantach atá iomchuí do ghnáthualach meaisín níocháin le haghaidh na leibhéal cruais uisce bhoig agus chrua ar a laghad a léiriú le marcálacha a bheidh infheicthe go soiléir ar an gclaibín, a dhéanann codarsnacht shuntasach le dath an*** |

| | |
|---|---|
| | ***chlaibín.*** |

**Leasú 141**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – Cuid B – pointe 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Cuirfear in iúl ar lipéad glantach miasniteoirí uathoibríocha tomhaltóra an dáileog chaighdeánach arna sloinneadh i ngraim nó i millilítir nó an líon ***táibléad*** don phríomh-timthriall níocháin le haghaidh gréithe gnáthshalaithe i miasniteoir lánluchtaithe ag a bhfuil 12 shocrú, agus an ghnáth-dháileog á coigeartú, le haghaidh cruas uisce bhoig, mheánaigh agus chrua. | 3. Cuirfear in iúl ar lipéad glantach miasniteoirí uathoibríocha tomhaltóra an dáileog chaighdeánach arna sloinneadh i ngraim nó i millilítir nó an líon ***aonad*** don phríomh-timthriall níocháin le haghaidh gréithe gnáthshalaithe i miasniteoir lánluchtaithe ag a bhfuil 12 shocrú, agus an ghnáth-dháileog á coigeartú, le haghaidh cruas uisce bhoig, mheánaigh agus chrua. |

**Leasú 142**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – Cuid C**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***C – LIPÉADÚ DIGITEACH*** | ***scriosta*** |
| ***Féadfar an fhaisnéis seo a leanas maidir le comhábhair dá dtagraítear i gcuid A, a sholáthar ar an lipéad digiteach amháin, i gcomhréir le hAirteagal 16(1), an dara fomhír, ar an mbealach a shonraítear sa chuid sin:*** | |
| ***(a) dromchlaghníomhaithe ainianacha;*** | |
| ***(b) dromchlaghníomhaithe caitianacha;*** | |
| ***(c) dromchlaghníomhaithe amfaiteireacha;*** | |
| ***(d) dromchlaghníomhaithe neamh-ianacha;*** | |
| ***(e) fosfáití;*** | |
| ***(f) fosfónáití;*** | |
| ***(g) gallúnach.*** | |

**Leasú 143**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – Cuid D – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) na cainníochtaí molta bunaithe ar chruas uisce ***measartha/meánach*** agus méideanna difriúla de shalú fabraice; agus | (b) na cainníochtaí molta bunaithe ar chruas uisce ***measartha*** agus méideanna difriúla de shalú fabraice; agus |

**Leasú 144**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**IarscríbhinnV – Cuid D – mír 1 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Beidh feidhm ag pointí (1)(c) agus (d) de Chuid B freisin i gcás ina soláthraítear an fhaisnéis dáileoige shimplithe.*** |

**Leasú 145**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VI – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ainm, seoladh an mhonaróra nó ionadaí údaraithe an mhonaróra chomh maith le haitheantóir uathúil oibreora an mhonaróra; | (b) ainm, seoladh ***poist agus seoladh ríomhphoist*** an mhonaróra nó ***ainm, seoladh poist agus seoladh ríomhphoist*** ionadaí údaraithe an mhonaróra chomh maith le haitheantóir uathúil oibreora an mhonaróra; |

**Leasú 146**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VI – mír 1 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) liosta iomlán substaintí a chuirtear d’aon ghnó sa ghlantach nó sa | (f) liosta iomlán substaintí a chuirtear d’aon ghnó sa ghlantach nó sa |

| | |
|---|---|
| dromchlaghníomhaí agus de leasaithigh ***arna lipéadú i gcomhréir le cuid A**, **pointe 3, an chéad fhomhír, pointe (b), d'Iarscríbhinn V,*** trí Ainmníocht Idirnáisiúnta na gComhábhar Cosmaideach (INCI) a úsáid, nó i gcás nach bhfuil fáil air, an t-ainm ***Pharmacopoeia Eorpach agus, i gcás nach bhfuil fáil air sin ach an oiread, an t-ainm*** ceimiceach coiteann nó ainm Aontas Idirnáisiúnta na Glan-Cheimice agus na Ceimice Feidhmí. | dromchlaghníomhaí agus de leasaithigh, trí Ainmníocht Idirnáisiúnta na gComhábhar Cosmaideach (INCI) a úsáid, nó i gcás nach bhfuil fáil air, an t-ainm ceimiceach coiteann nó ainm Aontas Idirnáisiúnta na Glan-Cheimice agus na Ceimice Feidhmí. |

**Leasú 147**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VI – mír 1 – pointe f a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fa) an doiciméadacht theicniúil agus torthaí an nós imeachta um measúnú comhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 7(2);*** |

**Leasú 148**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VI – mír 1 – pointe f b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fb) i gcás inarb infheidhme, torthaí na tástála a rinne an monaróir i gcomhréir le pointe 9 d'Iarscríbhinn II agus ráiteas fíoraithe ó thríú páirtí na dtástálacha sin;*** |

**Leasú 149**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VI – mír 1 – pointe f c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fc) i gcás inarb infheidhme, nasc chuig an lipéad digiteach dá dtagraítear in Airteagal 16(1).*** |

**Leasú 150**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VI – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***Ní bheidh an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (fa) ar fáil ach amháin d'údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát agus don Choimisiún.*** |